Waterford Institute *of* Technology

INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA PHORT LÁIRGE

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL CHOMHTHÁITE 2005/2006 & 2006/2007





www.wit.ie

Waterford Institute *of* Technology
INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA PHORT LÁIRGE

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL CHOMHTHÁITE 2005/2006 & 2006/2007

Réitíodh agus eagraíodh an Tuarascáil in Oifig an Stiúrthóra, Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge

Design by John Moloney, WIT Libraries

Ráiteas Misin

Déanfaidh Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge caighdeán barr feabhais a chur i bhfeidhm i dteagasc, i bhfoghlaim agus i dtaighde in imshaol uile-ghabhálach agus scoláire-lárnach chun coimirce a dhéanamh ar chéimithe chun go mbeidís inniúil ar pháirt cheannasach a ghlacadh sa saol gnó, sna gairmeacha, sna tion-scail, sa tseirbhís phoiblí agus sa tsochaí. Déanfaidh an Institiúid an cúlchríoch atá aici a bhainistiú mar Réigiún Foghlama, trí ghiniúint an eolais a chumhachtú agus trí aistriú an eolais. Tá an Institiúid tiomanta ar oideachas an cheantair a fhorbairt ar chuma atá in oiriúint do shainghnéithe náisiúnta agus idirnáisiúnta an réigiúin. Cuirfidh an Institiúid le forbairt eacnamaíoch, shóisialach agus chultúrtha Réigiúin an Oirdheiscirt agus níos faide anonn.

Réamhfhocal an Cathaoirligh

Mar Chathaoirleach ar Chomhlacht Rialaithe Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach chomhalta den Chomhlacht Rialaithe as an rannpháirt agus an tacaíocht atá tugtha acu don Institiúid i gcaitheamh an dá bhliain atá caite. Chomh maith le sin, ba mhaith liom buíochas a thabhairt don Stiúrthóir, don Ollamh Kieran Byrne, agus d'fhoireann uile na hInstitiúide. Cuireann siad imshaol gairmiúil, éifeachtach agus thar a bheith cairdiúil ar fáil dár scoláirí agus dár gcuairteoirí go léir. Go deimhin, mar Institiúid Ard-Oideachais, tá muid tiomnaithe ar an gcaighdeán is airde a bhaint amach i ngach gnó atá idir láimh againn. Cothaíonn Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge cultúr foghlama a chuireann dúshlán de shíor ar smaointe agus ar mheonta aigne agus cuireann leithead i gcónaí ar dhearcadh na scoláirí agus na gcéimithe.

Tá athrú an-mhear, an-dhrámata ag teacht ar an ndinimic in earnáil choitianta an oideachais, mar thoradh ar iliomad fórsaí sa réimse déimeagrafach, teicneolaíoch, cultúrtha, sóisialach, eacnamaíoch agus san imshaol féin. Go deimhin, tá luas níos mó ná riamh curtha faoin athrú sin ó thionscnaíodh an Straitéis Náisiúnta chun Sochaí an Eolais a chruthú. Cuireann sin brú breise ar Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge chun modúil nua a chruthú i gcomhair teagaisc agus foghlama ar feadh saoil agus, freisin, chun béim bhreise a chur ar thaighde fheidhmeach agus ar aistriú na teicneolaíochta. Tá tábhacht an-mhór ag baint leis an ról réigiúnach atá ag Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge maidir le cothú na forbartha eacnamaíche agus chun tionscadail nua infheistíochta a tharraingt isteach sa cheantar. Go deimhin, bíonn an eacnamaíocht réigiúnach i gcónaí ag brath ar bhonneagar daingin san oideachas. Leis na caighdeáin barr feabhais atá forbartha ag Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge, tá muid réidh agus tiomanta chun tabhairt faoi aon dhúshlán a chuirfear romhainn i limistéar an oideachais agus chun ár bpáirt a ghlacadh ag cur le sláinte eacnamaíche agus ratha an réigiúin.

Sa ghnó atá agam mar Chathaoirleach, tá sé mar aidhm agam gach cabhair is féidir liom a thabhairt d'Institiúid Teicneolaíocht Phort Láirge sa mhisean atá againn chun céimithe ard-ghradamacha a oiliúint, daoine a bhéas inniúil ar pháirteanna ceannasacha a ghlacadh sa ghnó, sa tionscal, sa tseirbhís phoiblí agus sa saol mór.

Redmond O' Donoghue
Cathaoirleach
Comhlacht Rialaithe



Ráiteas agus Réamhfhocal an Stiúrthóra



Baineann na Tuarascálacha Bliantúla seo leis na blianta acadúla 2005/06 agus 2006/07. Rinne an Institiúid dul chun cinn an-mhór sa tréimhse sin.

Chruthaíodh áiseanna forásacha nua san Institiúid i gcaitheamh tréimhsí na dtuarascála, cur i gcás an Lárionad ArcLabs, a osclaíodh i gcomhair taighde agus nuálaíochta sa champas thiar. Freisin táthar ag súil go mbeidh an foirgneamh le haghaidh Oideachais Turasóireachta agus Áineasa críochnaithe go luath sa bhliain 2008. Tá maoiniú faighte freisin, faoin gClár um Thaighde i bhForas Tríú Leibhéil (CTFTL), don chéad chéim eile i bhforbairt na n-áiseanna taighde cheathrú leibhéil ar an Champas Thiar.

Tá líon na scoláirí céime agus iarchéime ag méadú i gcónaí. Is gnóthachan thar a bheith suntasach é seo sa saol iomaíoch atá ann anois agus is léiriú é ar an mór-chlú agus ar an ngradam atá tuillte ag an Institiúid mar chaomhnóir ar an gcultúr agus ar an bhfoghlaim agus fós don áit i lárnach atá tugtha againn d'fhorbairt phearsanta agus ghairmiúil na scoláirí agus na rannpháirtithe sna cláir oibre. Go deimhin, is teist an-mhaith í ar chaighdeán na hoibre a dhéantar Institiúid an leibhéal fostaíochta a fhaigheann na céimithe iar gcríochnú dóibh.

Sa lá atá inniu ann, agus na t-oideachas chomh hidirnáisiúnta agus atá, tagann scoláirí chugainn ó gach chearn den domhain. Tógann siad páirt leathan sna cláir oibre agus bíonn tuairimí agus difríochtaí cultúrtha gan áireamh i gceist. Cruthaíonn sin dearcadh i bhfad níos leithne inár gcomhluadar féin.

Tá fás mór tagtha i ngach aicme taighde atá ar siúl againn de dheasca Straitéis Taighde na hInstitiúide. Tá taighde ar siúl go gníomhach ag níos mó ná a leath d'fhoireann acadúil ITPL. Tá méadú tagtha ar líon na scoláirí taighde iarchéime ó 67 go dtí 160 agus tá líon na dtaighdeoirí iar-dhochtúireachta méadaithe ó 3 go dtí 12. Is féidir an méadú seo a chur síos don €20 milliún, nó os a chionn, de mhaoiniú a d'éirigh leis an Institiúid a tharraingt isteach le linn tréimhse na tuarascála.

Beidh na dúshláin romhainn san am atá ag teacht ach rachaidh muid ina gcoinne le spioraid láidir comh-pháirtíochta agus comhoibrithe. Gan deimhin, tá tacaíocht láidir le fáil ag an Institiúid sa dúiche atá timpeall uirthi. Agus sinn ar thóir ár spriocanna agus ag iarraidh ár misean a chur i gcrích tá comhghuaillithe láidre straitéiseacha bailithe againn in Éirinn agus thar lear. Ar fud réimse leathan d'imeachtaí tá iontaoibh iomlán againn as dílseacht uathúil inmharthana ár bhfoirne.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil lenár gCathaoirleach, leis an Uas Redmond O'Donoghue, leis an Chomhlacht Rialaithe as an dtacaíocht, as an gceannasaíocht agus as an dtiomantas atá tugtha acu don eagraíocht. Tá tacaíocht ag an Institiúid freisin ón mBord Fondúireachta, faoina gcathairleach, an tUas Peter Goulandris agus ón gCumann Alumni, faoina gCathaoirleach siúd, Ms. Anne Deegan. Cuireann gach duine acu le gradam na hInstitiúide agus cuidíonn siad le líonra tacaíochta straitéiseach a fhorbairt.

Ciarán R. Ó Broin
Stiúrthóra

Clár

Rialachas agus Bainistíocht 4

An Comhlacht Rialaithe 4
An Bord Feidhmiúcháin 4
An Chomhairle Acadúil 5

An Phróifíl Acadúil 7

Próifíl Acadúil 7
Scoil Gnó 7
Scoil um Oideachas agus um Fhorbairt Phearsanta 10
Scoil Innealtóireachta 12
Scoil Eolaíochta na Sláinte 15
Scoil na nDaonnachtaí 17
Scoil na hEolaíochta 19

Forbairtí ar Champas 23

Forbhreithniú ar Riachtanais Caipitiúla 23
Pleanáil 23
Mórthionscaidail Caipitiúla 23

Leabharlann agus Seirbhísí Ríomhaireachta 25

Seirbhísí Leabharlainne 25
Seirbhísí Ríomhaireachta 26

Seirbhísí Tacaíochta Scoláirí 27

An Lárionad Gairmeacha 27
Seirbhísí ar Champas 27
Clubanna agus Cumainn 27
Lárionad um Chúnamh, Rochtain, Coinneáil agus Teagasc - LCRCT 28
Tréad-Chúram 29
Oifig Caidrimh agus Margaíochta na Scoileanna 29
Cumann Alumni 29

Tacaíocht don Fhoireann 30

Cuspóirí Acmhainní Daonna 30
Tionscnaimh Traenála agus Forbartha na nAcmhainní Daonna 30
Foireann ag dul ar Scor 30

Gnóthaí Idirnáisiúnta 31

Gnóthaí Idirnáisiúnta 31

Taighde 32

Misean Taighde na hInstitiúide 32
Fás in Imeachtaí Taighde 33
Fás sa Mhaoiniú i gcomhair Taighde 33
Foilseacháin Eolaíochtúla 33
Comhoibriú Náisiúnta agus Idirnáisiúnta sa Taighde 33
Cruthú Sealúchais Intleachtaigh (SI) agus Aistriú an Eolais 34
Gnóthachain as an dTaighde 34

Aguisín 1: Próifíl na Scoláirí 35

Iontráil Scoláirí de réir an Scoile 35
Iontráil Scoláirí de réir na Roinne 35

Aguisín 2: Ráitis Achoimrithe Airgeadais 36

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don Bhliain dar Chríoch 31ú Lúnasa 2006 36
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don Bhliain dar Chríoch 31ú Lúnasa 2007 37
Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31ú Lúnasa 2006 38
Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31ú Lúnasa 2007 39

Aguisín 3: An Fhoireann - Ceapacháin & Scoir 40

Rialachas agus Bainistíocht

An Comhlacht Rialaithe

Bunaíodh Cúigiú Comhlacht Rialaithe Reachtúil na hInstitiúide ar 1ú Aibreán, 2005, agus cheap an tAire na gnáth-chomhlachtaí go foirmiúil ar an 12ú Bealtaine. Bhuail an Bord le chéile naoi n-uaire in gnáth-sheisiúin; tionóladh seisiún Speisialta amháin. Chruinnigh fo-choiste na hOllscoile sé n-uaire agus chruinnigh an Coiste Inmheánach Iniúchóireachta trí uair. Bhí an tinreamh ar chruinnithe go sár-mhaith i rith na bliana - ar an meán bhí cúigear bhall déag ar gach ghnáth-chruinniú. Bhí seachtar déag ar na cruinnithe sa Mheitheamh, sa Deireadh Fómhair agus i Mí Eanáir. Bhí ceathrar a bhí i láthair ar gach chruinniú agus chuaigh duine amháin amach ar scor i rith na bliana.

Comhaltaí an Chomhlachta Rialaithe , 2005/06

An tUas Redmond O'Donoghue, Cathaoirleach
An tOllamh Kieran R. Byrne, Stiúrthóir
An tUas. Stephen Beatty, Feidhmeannach Seirbhíse Sláinte
An Comhl. Mary Cavanagh, CGO, Co. Chill Chainnigh
Ms. Maria Costigan, Ionadaí Scoláirí
Ms. Jean Curran, Ionadaí Riaracháin/Tacaíochta Foirne
An Comhl. Jimmy Curtis, CGO, Co. Loch Garman
An tSr. June Fennelly, Ionadaí Eaglaiseach
An tUas. Liam Fennelly, Comhlachas Tráchtála, Port Láirge
An tUas. Brendan Maher, Cónaidhm Gnó agus Fostaíochta Éireann
An tUas. Sean Nyhan, CGO, Tiobraid Árann Theas
An Dr. Joseph Power, Ionadaí Lucht Acadúil
An Comhl. Mary Roche, CGO, Cathair Phort Láirge
An Comhl. Seamus Ryan, , CGO, Cathair Phort Láirge
An tUas. Michael Slattery, Ionadaí Scoláirí
An tUas. Liam Suipéil, , CGO, Port Láirge
Ms. Stephanie Taheny, Cónaidhm Tionscail na Foirgníochta
An Comh. Jack Walsh, Leas-Chathaoirleach, Comhdháil na gCeardchumann
Ms. Anne Woodworth, Ionadaí Acadúil
Rúnaí: An tUas. Tony McFeely

Comhaltaí an Chomhlachta Rialaithe 2006 / 07

An tUas Redmond O'Donoghue, Cathaoirleach
An tOllamh Kieran R. Byrne, Stiúrthóir
An tUas. Stephen Beatty, Feidhmeannach Seirbhíse Sláinte
An tUas Denis Burke, CGO, Tiobraid Árann Theas
An Comhl. Mary Cavanagh, CGO, Co. Chill Chainnigh
Ms. Jean Curran, Ionadaí Riaracháin/Tacaíochta na Foirne
An Comhl. Jimmy Curtis, CGO, Co. Loch Garman
An tSr. June Fennelly, Ionadaí Eaglaiseach
An tUas. Liam Fennelly, Comhlachas Tráchtála, Port Láirge
An tUas. Shane Kelly, Ionadaí Scoláirí
An tUas. Brendan Maher, Cónaidhm Gnó agus Fostaíochta Éireann
An Dr. Joseph Power, Ionadaí Foirne Acadúla
An Comh. Mary Roche, CGO, Cathair Phort Láirge
An Comh. Seamus Ryan, CGO, Cathair Phort Láirge
Ms Nicola Scully, Ionadaí Comhlacht na Scoláirí
An tUas. Liam Suipéil, , CGO, Port Láirge
Ms. Stephanie Taheny, Cónaidhm Tionscail na Foirgníochta
An Comhl. Jack Walsh, Leas-Chathaoirleach, Comhdháil na gCeardchumann
Ms. Anne Woodworth, Ionadaí na Foirne Acadúla
Rúnaí: An tUas. Tony McFeely

An tÓnórach Sahar Hashemi

Ba í Sahar Hashemi an seachtú duine ar bronnadh Comhlachas Onórach uirthi in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge. Sa bhliain 1995, i gcomhar lena deartháir Bobby, baincéir infheistíochta, bhunaigh sí an Coffee Republic. D'éirigh thar barr leis an bhfiontar gan mhoill agus ba ghearr go mba radharc choitianta lár-bhaile é agus chuaigh an láimhdeachas os cionn STG£30m. D'fhoilsigh Sahar Hashemi leabhar clúiteach faoin dteideal Anyone Can Do It bunaithe ar a taithí mar fhiontraí. Chuaigh an leabhar go dtí uimhir a haon ar Chairt Gnó Amazon.

Bliain an-ghnóthach ba ea an bhliain acadúil 2006/2007 maidir le bunú Choiste Airgeadais de bhreis ar an gCoiste Iniúchóireachta Inmheánach. Tháinig an Bord le chéile, i ngnáth-sheisiúin, ocht n-uaire agus chruinnigh an Coiste iniúchóireachta Inmheánach dhá uair. Bhí dhá chruinniú freisin ag an gCoiste Airgeadais a bunaíodh sa bhliain 2006. Bhuail Fo-Choiste na hOllscoile leis an Dr Jim Port i Mí na Feabhra le linn dó cuairt a thabhairt an Institiúid ar feadh dhá lá.

Ar 1ú Feabhra 2007 tháinig Acht na nInstitiúidí Teicneolaíochta, 2006 i bhfeidhm. Leasú ba ea an tAcht sin go dtí 2001 ar Achtanna na gColáistí Teicneolaíochta Réigiúnacha, 1992. Rinne an tAcht nua feidhmeanna for-choimeádta an Chomhlachta Rialaithe a aithint, feidhmeanna nach féidir a oibriú ach amháin trí rún a ritear tríd an mBord. Faoin reachtaíocht nua seo freisin tá an fhreagracht maidir le maoiniú aistrithe ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta chuig an Údarás um Ard-Oideachas.

An Bord Feidhmeannach

Chas Comhaltaí an Bhoird Fheidhmeannaigh ar a chéile trí uaire i gcaitheamh na dtéarmaí. Dhírigh an Bord ar bhainistíocht na hInstitiúide ó lá go lá. Is iad Cinn na Scoileanna agus an Bhainistíocht Shinsearach atá ina gcomhaltaí ar an mBord.

Comhaltaí an Bhoird Fheidhmeannaigh

An tOllamh Kieran R. Byrne	Stiúrthóir
An Dr. Willie Donnelly	Ceann Taighde & Nuálaíochta
An tUas. Paddy Downey	Cláraitheoir
An Dr. Venie Martin	Ceann ar Fhorbairt
An tUas. John McConnell	Ceann ar Fhorbairt Chaipitiúil
An tUas. Tony McFeely	Rúnaí/Rialtóir Airgeadais
An tUas. Derek O'Byrne	Ceann na Pleanála Straitéisí
An tUas. Paul Barry	Ceann Scoil na hEolaíochta
An Dr. John Ennis	Ceann Scoil na nDaonnachtaí
Ms. Dolores Gilhooly	Ceann Scoil an Oideachais
An Dr. Eric Martin	Ceann Scoil na nEolaíochtaí Sláinte
An tUas. Denis Moran	Ceann Scoil na hInnealtóireachta
An Dr. Thomas O' Toole	Ceann Scoil Gnó

An Chomhairle Acadúil

Tá an chúigiú Chomhairle Acadúil ag oibriú faoi láthair. Tá plean uaillmhianach oibre leagtha amach acu. Áirithe sa phlean tá athbhreithniú le déanamh ar an gComhairle féin, rud a chuirfidh ar a gcumas tacú níos fearr le misean agus le cuspóirí an hInstitiúide. Déantar mórchuid d'obair na Comhairle ar leibhéal an choiste.

Comhaltaí an Cheathrú Comhairle Acadúil

An tOllamh Kieran Byrne	Stiúrthóir (Cathaoirleach)
An tUas. Paddy Downey	Cláraitheoir/Rúnaí
An Dr. Eric Martin	Ceann Scoil Eolaíochta na Sláinte
An Dr. John Ennis	Ceann Scoil na nDaonnachtaí
An Dr. Thomas O'Toole	Ceann Scoil na Cuntasaíochta agus Staidéir Ghnó
An tUas. Denis Moran	Ceann Scoil na hInnealtóireachta
Ms. Dolores Gilhooly	Ceann Scoil an Oideachais
An tUas. Paul Barry	Ceann Scoil na hEolaíochta
An Dr. Venie Martin	Ceann ar Fhorbairt
An Dr. William Donnelly	Ceann ar Thaighde
An tUas. Albert Byrne	Ceann Roinn Teicneolaíocht na hInnealtóireachta
An tUas. Ger Long	Ceann Roinn na Cuntasaíochta agus Eacnamaíochta
Ms. Suzanne Denieffe	Scoil na nEolaíochtaí Sláinte
Ms. Sue Fensom	Scoil na nEolaíochtaí Sláinte
An tUas. Pat Doyle	Scóil na hInnealtóireachta
An tUas. John Godfrey	Scoil na Cuntasaíochta agus an Staidéir Ghnó
An tUas. James Redmond	Scoil na Cuntasaíochta agus Staidéir Ghnó
An Dr. Margery Godinho	Scoil na hEolaíochta
An Dr. Cormac O'Raifeartaigh	Scoil na hEolaíochta
An Dr. Catherine O'Reilly	Scoil na hEolaíochta
An Dr. Claire Keary	Scoil na hEolaíochta
An tUas. Richard Moody	Scoil an Oideachais
An tUas. Michael Harrison	Scoil na nDaonnachtaí
An tUas. Fergus Hogan	Scoil na nDaonnachtaí
An Dr. Peter Jordan	Scoil na nDaonnachtaí
An Dr. Fionnuala Kennedy	Scoil na nDaonnachtaí
Ms. Marian O'Neill-Taplin	Scoil na nDaonnachtaí
Ms. Laura McGibney	Foireann Tacaíochta & Riaracháin
An tUas. Neil Quinlan	Foireann Tacaíochta & Riaracháin
Ms. Nicola Scully	Ionadaí Aontais na Mac Léinn
An tUas. Shane Kelly	Ionadaí Aontais na Mac Léinn

Céim ITPL a dhéanfar a Theagasc sa tSín

Sa bhlian 2006, ba í an Institiúid seo an chéad fhoras tríú leibhéil a rinne aontú le hollscoil lárnach Shíneach chun céim cheithre bhliana ITPL sa Ríomhaireacht Fheidhmeach a sheachadadh sa tSín. Mar chuid den aontú beidh céimithe as Ollscoil Nanjing na Faisnéise, na hEolaíochta agus na Teicneolaíocht (ONFET) ag déanamh staidéir le haghaidh céimeanna máistreachta i bPort Láirge. Sa phictiúr, a tógadh i Shanghai, áit a síníodh Meanram Comhthuisceana idir an Institiúid agus ONFET, tá (chun tosaigh): an tUas Fu Deshing, ONFET agus an tUas Paul Barry, Ceann Scoil na hEolaíochta, san Institiúid; (ar chúl) an tUas. Declan Kellher, Ambasadóir na hÉireann chun na Síne, Máire Ní Ainifín, TD, Aire Oideachais agus Eolaíochta agus an tUas Liam Mac Gabhann, Comhairleoir in Ambasáid na hÉireann go dtí an tSín.

Comhaltaí an Chúigiú Chomhairle Acadúil

An tOllamh Kieran Byrne	Director (Cathaoirleach)
An tUas. Paddy Downey	Cláraitheoir/Rúnaí
An Dr. Eric Martin	Ceann Scoil Eolaíochta na Sláinte
An Dr. John Ennis	Ceann Scoil na nDaonnachtaí
An Dr. Thomas O'Toole	Ceann Scoil na Cuntasaíochta agus Staidéir Ghnó
An tUas. Denis Moran	Ceann Scoil na hInnealtóireachta
Ms. Dolores Gilhooly	Ceann Scoil an Oideachais
An tUas. Paul Barry	Ceann Scoil na hEolaíochta
An Dr. Venie Martin	Ceann ar Fhorbairt
An Dr. William Donnelly	Ceann ar Thaighde
An tUas. Albert Byrne	Ceann Roinn Teicneolaíocht na hInnealtóireachta
Ms. Mary Fenton	Ceann Roinn an Oideachais d'Aosaigh
An Dr. Rachel Finnegan	Ceann Roinn na nEalaíon Cruthaitheacha agus na dTaibhealaíon
Ms Aoife Lane	Scoil Eolaíochta naí Sláinte
Ms. Sue Fensom	Scoil Eolaíochta na Sláinte
An tUas David Williams	Scoil na hInnealtóireachta
Ms. Miriam Fitzpatrick	Scoil na hInnealtóireachta
An Dr. Cormac Ó'Raifeartaigh	Scoil na hEolaíochta
An Dr. Helen Hughes	Scoil na hEolaíochta
An Dr. Brendan Jennings	Scoil na hEolaíochta
An tUas.Sean Moran	Scoil an Oideachais
Ms. Fiona Dowling	Scoil an Oideachais
An Dr. Peter Jordan	Scoil na nDaonnachtaí
Ms. Valerie Mannix	Scoil na nDaonnachtaí
An Dr. Colette Moloney	Scoil na nDaonnachtaí
An tUas. Ivor O'Donovan	Scoil na nDaonnachtaí
An tUas. Don O'Neill	Scoil na nDaonnachtaí
An tUas. John Godfrey	An Scoil Gnó
Ms. Margaret Skelly	An Scoil Gnó
Ms. Angela Power	Foireann Tacaíochta & Riaracháin
An tUas. Frank Heraughty	Foireann Tacaíochta & Riaracháin
Ms. Cathy Pembroke	Ionadaí Aontais na Scoláirí
An tUas. Shane Kelly	Ionadaí Aontais na Scoláirí

Tá ceithre choiste faoin gComhairle Acadúil:

- Coiste Cháilíocht agus um Phleanáil
- An Coiste um Iontrálacha agus Dámhachtainí
- An Coiste um Thaighde agus um Fhorbairt
- An Coiste um Thacaíocht don Fhoghlaim, do Theagasc agus do Thaighde

Seoladh na hOifige um Phleanáil Straitéiseach

Sa Phictiúr: ar Chúl: - An tUas George Keogh, Bainisteoir, Faisnéis Straitéiseach, Ms. Elizabeth Curran, Riarthóir, An tUas Neil Quinlan, Bainisteoir Cáilíochta - Chun Tosaigh: Ms Olive O'Conner, Bainisteoir Margaíochta agus Cumarsáide, Ms. Lynn Hutchison, Riarthóir, Ms. Joan Mangan, Riarthóir agus An tUas Derek O'Byrne, Ceann ar Phleanáil Straitéiseach.

Seoladh an Oifig um Phleanáil Straitéiseach sa Bhliain 2005/ 2006 agus tá siad freagrach as an bpróiseas pleanála straitéisí a thacú, a chomhordú agus a fhorbairt san Institiúid. Tá trí fheidhm eile ag an Oifig seo:

1. Margaíocht agus Cumarsáid: gach gníomhaíocht margaíochta tríd an Institiúid go léir a threorú agus a chomhtháthú de réir na spriocanna straitéiseacha agus na sprioc-aicmí barr tosaíochta atá ann.
2. Ardú Caighdeáin: Feabhsú ar chaighdeán an oideachais agus na seirbhísí gaolmhara a chur chun cinn san ITPL trí chultúr leanúnach i bhfeabhsú cáilíochta a fhréamhú tríd an Institiúid go léir.
3. Faisnéis Straitéiseach: Cuidiú le próiseas na gcinntí a dhéanamh trí fhianaise a chóimheas, a anailísiú agus a thuairisciú ón imshaol istigh agus ón imshaol lasmuigh.

Bhí roinnt gnóthachan straitéiseacha ag an Institiúid i rith na tréimhse seo, cur i gcás:

- Rinne an Institiúid iarratas faoi alt 9 d'Acht na nOllscoileanna go ndéanfaí í a ainmniú mar Ollscoil an Oirdheiscirt.
- Bunaíodh dhá scoil acadúla sa bhreis chun na tairiscintí d'ábhar scoláirí agus na cnuas-imeachtaí a fheabhsú ar bhealaí éagsúla: Scoil an Oideachais agus Scoil na nEolaíochtaí Sláinte.
- Lean an Institiúid le forbairt leanúnach na foirne trí €1.3 milliún a infheistiú i dtraenáil agus i bhforbairt na foirne. Chomh maith le sin, cheapadh comhordaitheoir traenála agus forbartha chun barr tairbhe a bhaint as an dtraenáil agus an fhorbairt.
- Cloch chúinne eochrach don phlean 2003-6 ba ea an seimeastrú agus an modúlú a thabhairt isteach. Clocha tógála ba ea iad freisin chun dul chun cinn ní ba sholúbtha a chruthú i gcomhar leis an bhfoghlaimeoir agus chun neartú lenár gcumais chun cláir oibre tarraingteach don mhargadh idirnáisiúnta a fhorbairt.
- Chuireadh críoch ar mhórfhoirgnimh nua; ina measc siúd bhí Foirgneamh an Bhaltúnaigh, Foirgneamh Oideachais na nAltraí. an lárionad taighde Arc Labs ar an gCampas Thiar agus na háiseanna cóiríochta bia nuair a tógadh Bialann an Ghealaraí.

An Phróifíl Acadúil

An Cumhdach Oibre Acadúil

Tá rún diongbháilte ag ITPL cloí le forbairt agus le feabhsú ár gcumhdach oibre de réir gach leibhéal de Fhrámaíocht Náisiúnta na gCáilíochtaí. Tá an neart coinnithe againn i gcumhdach oibre na gcéimeanna sa Ghnó, sna Daonnachtaí, san Innealtóireacht, san Eolaíocht agus in Eolaíocht na Sláinte. Tá athnuachan agus nua-chóiriú déanta againn ar na cláir staidéir i ngach scoil. De bharr cur i bhfeidhm an chórais mhodúlaigh san Institiúid tig linn cláir nua oibre idir-dhisciplíneacha a fhorbairt. Déantar athbhreithniú gach cúig bhliain ar na Scoileanna Acadúla agus beidh an chéad athbhreithniú eile ag teacht suas sa bhliain acadúil 2007/2008.

Athbhreithniú agus Faireachán Leanúnach ar Cháilíocht

Tá rún ag an Institiúid cloí le hardcháilíocht mar chuid bhunúsach den fheabhsú leanúnach sna seirbhísí agus sna heispéiris a bhfaigheann foghlaimeoirí, na cliaint agus na geallshealbhóirí eile, agus i gcaighdeán na gcóras nó na bpróiseas bainistíochta atá mar thacú leis na seirbhísí céanna. Athdheimhníodh an gealltanas sin nuair a foilsíodh Frámaíocht nua Cáilíochta san Institiúid. Fréamhaithe sa bhFrámaíocht seo tá na prionsabail institiúideacha seo a leanas ag treorú le bainistiú na cáilíochta:

- Tá sé mar aidhm againn cáilíocht chuí an eispéiris scolártha a dhearbhú go hiomlán.
- Tá an fhreagracht as dea-cháilíocht ar gach duine sa bhfoireann.
- Táimíd geallta leis an bprionsabal chun caidrimh a dhéanamh le heolaithe lasmuigh chun cáilíochtaí a mheas.
- Cuirimíd san áireamh dearcadh na scoláirí, na foirne agus na ngeallshealbhóirí lasmuigh.
- Tá ár gcóras bainistíochta i leith na cáilíochta bunaithe ar fhianaise.

Freisin, chuir an Fhrámaíocht timthriall úr d'athbhreithnithe tréimhsiúla maidir le cáilíocht i bhfeidhm. Ag tógáil ar na gnásanna leanúnacha de dhearbhú cáilíochta atá ann cheana, tá na hathbhreithnithe ceaptha chun cuidiú le gach aonad a bplean cáilíochta straitéiseach féin a fhorbairt, plean bunaithe ar mhachnamh géar a dhéanamh ar a gcuid oibre féin. Tá obair fhorleathan déanta ag an gComhairle Acadúil, ag an gClárlann, ag an mBord Feidhmeannach agus ag Oifig Tionscnamh na Cáilíochta chun feabhas a chur ar dhoiciméadú na cáilíochta mar atá faoi láthair agus leis an gnásanna i rith na bliana go léir.

Modúlú agus Seimeastrú

Tháinig an chéad chéim de chóras seachadta an chúrsa modúlaigh ITPL isteach i Mí Mheán Fómhair 2005. Tá seimeastrú déanta ar 95% de na cúrsaí ó shin i leith.

Struchtúr na Scoileanna

Tá cumraíocht as an nua déanta ar na sé Scoileanna trí chruthú Scoil Eolaíochta na Sláinte agus an Scoil um Oideachas agus um Fhorbairt Phearsanta. Déanfar cur síos mion anseo thíos ar gach Scoil.

An Scoil Gnó

Friothálann an Scoil Gnó misean na hInstitiúide trí oideachas sa bhainistíocht a sholáthar ar leibhéal na céime, na hiarchéime, ar leibhéal an fheidhmeannaigh agus ar leibhéal na fiontraíochta.

Tá an scoil scartha i dtrí Roinn Acadúil agus tá aonad riaracháin amháin inti. Is iad seo a leanas Cinn na Rannóg:

Ceann ar an Scoil Gnó: An Dr. Thomas O'Toole

Ceann ar Roinn Cuntasaíochta agus Eacnamaíochta: An tUas. Ger Long

Ceann ar Roinn Bainistíochta agus Eagrúcháin: Ms. Joan McDonald

Ceann ar Roinn Gnó Iarchéimithe: An Dr. Denis Harrington

Riarthóir na Scoileanna: Ms. Sandra Haberlin

Fís agus Plean

Is é misean na Scoile Gnó ná ghairmigh smaointeacha don chaighdeán idirnáisiúnta is airde a fhorbairt. Tá sé mar aidhm againn scoláirí a ullmhú i gcomhair slite beatha éiritheacha a chaitheamh i gcúrsaí gnó, sna gairmeacha, sa tseirbhís phoiblí agus sa saol mór. Is féidir é seo a dhéanamh trí shraith de chláir oibre a sholáthar a bheadh nuálaíoch agus dúshlánach, cláir a chuirfí i láthair i dtimpeallacht phearsanaithe. Tá sé romhainn a bheith de shíor ag éabhlóid agus ag síor-fhreagairt don timpeallacht dhúshlánach trí chúrsaí inrochtana sholúbtha, ábhartha a thairiscint do chách.

Tá mór-chuspóir ag an Scoil atá fuirist a mhíniú .i. í a bheith faoi cheannas agus i gceannas an eolais chun oideachais ghnó agus bhainistíochta a dháileadh. Is cuspóir coitianta é seo ag an-chuid foras tríú leibhéil ach tá gné ar leith leis sa mhodh a chuirtear i bhfeidhm anseo é:

- Tá sé mar sprioc againn a bheith inár nOllscoil Taighde agus Teagaisc - agus tá an Scoil Gnó ceangailte le seo agus tá gach gníomh sa Scoil dírithe chun tacú le sin.
- Maidir lenár gceangaltas réigiúnach faoi leith - tá margadh réigiúnach le friotháil againn, agus tá seo aitheanta in ár bPlean Institiúideach Straitéise 2007 - 2010.
- Ár misean agus ár bhfís - gairmigh smaointeacha a fhorbairt - inniúil don ghnó is don bheatha.
- Ár gcomhtháthú thar na gceithre leibhéal: leibhéil na céime, na hiarchéime, leibhéil na bhfeidhmeannach agus na fiontraíochta, maille scoil de choincheapa gnó mar ionad barr feabhais a chruthú don Institiúid.

Ruairí Quinn TD, Iar-Cheannaire den Lucht Oibre agus Aire Airgeadais sa phictiúr anseo le Máistrí le Staidéar Gnó agus iad ag plé Saincheisteanna Rialtais an Aontais Eorpaigh.

Maidir le Scoláirí

Bunaíodh Fóram idir na Scoláirí agus an Scoil sa bhliain 2003. D'ainmnigh an t-eagras seo scoláirí as gach rang den Scoil Gnó. I rith tréimhse na tuarascála bhí an t-aiseolas a fuair an Scoil agus an fhoireann go sármhaith. Tá sé chinn de shaotharlanna ríomhaireachta i bhFoirgneamh an Bháltúnaigh agus ba mhór an tairbhe a bhain na scoláirí as oscailt an fhoirgnimh sin.

Aiseolas ó chéimithe - i gcomhar le Boird na gCúrsaí is mór an méid oibre a chríochnaíodh i rith tréimhse na tuarascála. Tá dul chun cinn an-mhaith déanta ag na céimithe as an gclár oibre agus is iad céimithe gnó na Scoile is mó a fhostaíonn lucht gnó sa cheantar agus is foinse ghnáthaimh earcaíochta í ag an-chuid comhlachtaí móra in Éirinn.

Iontráil Scoláirí lánaimseartha	2005/06	2006/07
Fochéime	1,497	1,366
Iarchéime	114	108

Comórtais Scoláirí, Duaiseanna agus Dámhachtainí

Cluiche Straitéise Gnó 2006/'07
Buaiteoirí: HRM/Sruth Bainistíochta- Margaret Helena Byrne (HRM), Sarah Moylan (HRM), Claire O'Grada (Bainistíocht) & Robert M. Wallace (Bainistíocht).

Dúshlán na Margaíochta
2005/2006 - Grace O'Dwyer, Susan Weldon, Susan Murphy, Anne-Marie Ivers, Chris Wolohan & Donal Phelan, Baitsiléir le Staidéar Gnó Bliain 4.
2006/2007 - Aine Connellan, Sarah Hughes, Kevin Lillis, Robert Breen, James Tormey, BBS Bliain 4 Sruth Margaíochta.

Scoláireacht Chomhair Chreidmheasa John Hume. Faighteoirí
2006/2007 Christine Casey
2005/2006 Ciara O'Connor

Scoláireacht PricewaterhouseCoopers Faighteoirí
2006 - Thomas Larkin, Duaiseanna dúthrachta chuig James Cody, Helena Hunt & Hugh Nolan
2005 - Kevin Kelly, Duaiseanna dúthrachta chuig Casey Gaule & Claire O'Donnell

Óstán Granville, Scoláire Margaíochta na Bliana
2006/'07 Aine Connellan, Baitsiléir le Staidéar Gnó & Kieran Ivers, BA sa Mhargaíocht
2005/'06 Chris Wolohan, Baitsiléir le Staidéar Gnó & Katriona Connolly, BA sa Mhargaíocht
2004/'05 Jemma O'Connor, Baitsiléir le Staidéar Gnó & Natalie O'Connor, BA sa Mhargaíocht

Dámhachtain Chuimhneacháin Gerry Gray
2006 - Nicola Healy, BA Seirbhísí Airgeadais 2005 - Stephen Curran, BA Seirbhísí Airgeadais

Ceistiúchán Scoileanna Dara Leibhéil
2006 - Céad Duais, Naomh Peadar, Loch Garman
2007 - Céad Duais, Coláiste Pháirc an Uisce, Port Láirge.

Clár Oibre Ardáin Fhiontraíochta an Oirdheiscirt Dámhachtain don Phlean Ghnó is Fearr (urraithe ag Banc Uladh ó 2007)
2007 - Wepal, agus Taoglas

Scoláire Gnó na Bliana, Banc Aontais Éireann
2005/06 - Seamus Larrissey, Baitsiléir le Staidéar Gnó
2006/07 - Paul Doheny, Máistrí i nGnó i Eacnamaíocht agus in Airgeadais

Scoláireacht Richards
2003 - 2007 - Alan Walker BBS

Ard-Scoláire na Scoile
2006 - Mary Lawless
2005 - Jamie Power

Clubanna agus Cumainn - Dámhachtain do Phearsantacht na Bliana
2005 - Thomas Grant
2006 - Laura Forsey

BBS, Scoláirí an 21ú Cuimhneacháin Bhliana
Gemma Downey - Cumann Creidmheasa na Trá Móire (Urraí)
Ailish Farrell - Fundúireacht Harry Deigman (Urraí)

Duais Bhanc Uladh
2006 - BBS Bliain 1:
Céad Áit - Tracey Larkin, Dara Áit - Aine Murphy & aitheantas speisialta - Joanna Szymanska.

POF - i gCónaitheacht

Sa bhliain 2006 ba í seo an chéad scoil in Éirinn a thosaigh Clár Cónaitheachta do Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin (POF) Is é an POF atá againn ina chónaí ná an tUas Sam McCauley, an Cathaoirleach ar Ghrúpa Poiticéireachta Mhic Amhlaidh. Tá an Clár seo ceaptha chun an domhain-theagmháil idir an mbainistíocht shinsearach agus an Scoil a éascú.

2006 - BBS Bliain 2:
Céad Áit - Anne Atkinson, Dara Áit - Susan MacManus.

Duaiseanna eile do Scoláirí:

- MBS i gCuntasaíocht: Sun Life
- BA (onór.) Seirbhís Airgeadais: Standard Life & Meteor
- BBS 4: Meteor
- 2006 - bhí ciste duaiseanna de €1,000 roinnte idir scoláirí margaíochta i gcomhair taighde margaíochta, coimisiúnaithe ag Leabharlann Cathrach Phort Láirge, Harvest, agus an Scoil Gnó. I dtrí thionscadal éagsúla rinner na scoláirí suirbhé a dhéanamh ar os cionn dhá mhíle duine ar fad.

Maidir leis an bhFoireann

Tá 92 léachtóir sa Scoil Gnó agus tá 90% acu sin gníomhach sa taighde. Bhí 15 as an bhfoireann gafa le taighde dhochtúireachta i rith na tréimhse.

Baill foirne a bhain cáilíochtaí breise amach i rith tréimhse na tuarascála:

Ray Griffin - PhD
Mary Holden - PhD
Felicity Kelliher - PhD
Pat Lynch - PhD
Brigid Milner - PhD
Bill O'Gorman - PhD

An Scoil Gnó	No. of lecturing staff	No. of PhDs
2005 /2006	92	8
2006 / 2007	92	12

Cúrsaí

Tá modúlú agus seimeastrú déanta go hiomlán ar an Scoil agus críochnaíodh Athbhreithniú na Scoile sa Bhliain 2005. Is athbhreithniú ar fhrámaíocht foghlama agus cáilíochta na Scoile é seo idir piaraí. Bhí an tuarascáil agus an t-aiseolas a tháinig as go fíormhaith. Bhí seisear déag sa phainéal náisiúnta agus idirnáisiúnta, idir acadúlaigh agus cleachtóirí as na príomh-dhisciplíní. Sa bhliain 2006 chuir an Scoil tús le tionscnamh nuálaíoch - An Seimeastar Solúbtha. Tugann seo deis do scoláirí cumhach oibre dá gcuid féin a fhorbairt le haghaidh seimeastair. Tá ceithre rogha á dtabhairt ag an scoil: socrúchán fostaíochta/intéirneacht; staidéar thar lear; tionscnamh nua-fhiontraíochta; coláiste agus pobal. I measc ár gcomhpháirtithe i gcomhair socrúcháin fostaíochta tá VHI, Cill Chainnigh, an Citi Bank i bPort Láirge, an State Street Bank i gCill Chainnigh; Banc Aontais Éireann ar fud na tíre, Datapac agus PFPC i Loch Garman, Sage i bPort Láirge, KPMG agus PricewaterhouseCoopers, Oirdheisceart.

Cúrsaí Nua a cheapadh sa Scoil Gnó sna blianta 2005/6 agus 2006/7

2005 - MBS in Eacnamaíocht agus Airgeadas

2007 MBS sa Riarachán Corparáideach agus i mBainistíocht Acmhainní Daonna

2006 - Ard-Dioplóma sa Ghnó i mBainistíocht le Bandaleathan AOL (féach grianghraf)

2005 - Dioplóma Iarchéime sa Ghnó i bhForbairt na Fiontraíochta

Taighde

Is iad na príomh-limistéir taighde atá sa scoil ná cuntasaíocht, airgeadas, eacnamaíocht, bainistíocht, margaíocht acmhainní daonna, straitéis, gnó idirnáisiúnta agus córais faisnéise gnó. Bíonn taighde ar siúl i roinnt lárionad taighde freisin, cur i gcás, sa Lárionad um Staidéar Margaíochta ag Criostal Phort Láirge, sa Lárionad Fiontraíochta agus sa Lárionad um Thaighde Bainistíochta i gCúram Sláinte agus in Eacnamaíocht Chúram na Sláinte.

Le chéile, tá os cionn €1.3m faighte ag na taighdeoirí ó fhoinsí taighde éagsúla. I measc na bhfoinsí seo tá Séú Clár Frámaíochta an AE, Clár Líonraí Foghlamtha Fáilte Éireann, Oirdheisceart agus Deisceart, Clár Interreg an AE, Scéim 6 IRCHSS, Scoláireachtaí Fáilte Éireann agus Sraith 1, Earnáil na Teicneolaíochta. Leathadh torthaí na taighde a rinneadh sa scoil ag comhdhálacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus foilsíodh í in irisí den chéad scoth. Urraíonn an Scoil an Dhámhachtain don Pháipéar is Fearr ag Comhdháil Acadaimh Bhainistíochta na hÉireann.

Seoladh an Ard-Dioplóma sa Bhainistíocht

An tAire Martin Cullen, T.D., ag seoladh an Ard-Dioplóma sa Bhainistíocht ag Leathanbhanda AOL agus rannpháirtithe sa chlár, Eamonn McGettigan (Bainisteoir Cúnta, Seirbhísí don Lucht Gnó, FÁS), an tOllamh Kieran R. Byrne, (Stiúrthóir ITPL), an tUas Alain Meric, Stiúrthóir Feidhmeannach, Leathanbhanda AOL agus an tUas Andrew O'Neill (Uachtarán, Comhlachas Tráchtála Phort Láirge).

Iar-Uachtaráin ar Chumann Gnó ITPL

Iar-Chathaoirligh ar Chumann Gnó ITPL le baill coiste an lae inniu, i láthair ag Bronnadh Speisialta ar Iar-Chathaoirligh, mar chuid de cheiliúradh 20 bliain don Chumann Gnó, Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge. Suite clé - deas: Michael Walsh ('95-'96); David Savage ('89- '90); Ollie Wade ('96-'97), agus Sandra Quinn ('97- '98). Ar chúl: Thomas Hayes, Rúnaí.; Peggy Caffrey, Léachtóir i gCuntasaíocht; Angela Collins, Oifig Gairmeacha; Aisling Comerford OCP; Alan Walker, Cathaoirleach faoi láthair; Laura Forsey (Cathaoir, '05-'06); Joan McDonald, Ceann Roinne, Bainistíocht agus Eagrúchán; Claire Orford, Karen Bolger agus Margaret Skelly, Léachtóir i gCuntasaíocht.

D'éirigh leis na hionaid go léir an Scoil a ailíniú le hinstitiúidí ceannasacha eile ar fud an domhain. Tá naisc comhtháite forbartha againn agus daingnithe freisin le fostóirí, le comhlachtaí gairmiúla agus le páirtithe eile ar an dtaobh amuigh atá ábhartha dar gcuid oibre. Tá naisc láidre ag an bhfoireann go léir leis na gairmeacha, ag áireamh na príomh-chomhlachtaí Cuntasaíochta, Institiúid Margaíochta na hÉireann, an Institiúid Cairte um Phearsanra agus Forbairt. Léiríonn na suirbhéanna a rinneamar ardleibhéil fostaíochta a bheith ag ár gcéimithe agus tá an rannpháirtíocht sna cláir iarchéime ag méadú i gcónaí.

Scoil um Oideachas agus um Fhorbairt Phearsanta

Tá an Scoil um Oidieachas agus um Fhorbairt Phearsanta bunaithe ar an rath leanúnach a bhí ar an Roinn an Oideachais Leanúnaigh d'Aosaigh chun roinnt tionscnamh a urrú a agus a chur chun cinn i réimsí nuálaíocha an oideachais agus na forbartha gairmiúla pearsanta (FGP). Ina measc siúd chruthaíodh cúrsaí iarchéime do ghairmigh san oideachas, bonnchúrsaí i gcomhair foghlaimeoirí aibí, treoir oideachasúil agus seirbhísí comhairle d'aosaigh, cúrsaí creidiúnaithe i gcomhar le grúpaí nó le cuideachtaí pobail/deonacha agus tugadh aitheantas d'fhoghlaim nó d'fhoghlaim thurgnamhach a fuarthas cheana.

Is iad seo a leanas Cinn na Ranna:

Ceann ar an Scoil um Oideachas agus um Fhorbairt Phearsanta: Ms. Dolores Gilhooly

Ceann ar Roinn an Oideachais agus Forbartha Pearsanta: Ms. Mary Fenton

Ceann Cúnta ar Roinn an Oideachais agus Forbartha Pearsanta: Mr.Dick Moody

Riarthóir na Scoile: Ms. Peggy Hale

Fís agus Plean

Tá dhá fhís ag an Scoil um Oideachas agus um Fhorbairt Phearsanta:

- a bheith ar thosach ag ssoláthar na gclár múinte oideachais do scoláirí céime agus d'iarchéimithe.
- raon leathan de chláir creidiúnaithe in oideachas d'aosaigh a thairiscint chun freastal ar riachtanais FGP na n-aosach agus an tionscail sa réigiún.

Ní foláir na scileanna a thabhairt d'iarchéimithe ionas gur féidir leo a mbealach a dhéanamh in eacnamaíoch nuálaíoch agus flosc chun foghlama fadsaoil a fhréamhú iontu. Tá margadh an oideachais ag éirí níos iomaíche agus tá an buntáiste iomaíoch á fhorbairt ag an Scoil trí chláir creidiúnaithe a chur ar fáil, cláir a dhéanann freastal faoi láthair agus sa todhchaí ar riachtanais eacnamaíocha agus sóisialacha an réigiúin.

Maidir le Scoláirí

Ag seo a leanas líon na scoláirí lánaimseartha agus páirtaimseartha sa Scoil:

Iontráil Scoláirí Lánaimseartha	2005/06	2006/07
Bunchéim	3,968	3,729
Iarchéim	128	129

Maidir leis an bhFoireann

Tá trí duine dhéag sa Scoil um Oideachas agus Forbairt Phearsanta (Ceann na Scoile agus Cinn na Ranna san áireamh) agus tá 46% acu sin gníomhach sa taighde. Bhí níos mó ná duine amháin acu ag obair ar dhochtúireacht i rith na tréimhse.

Scoil um Oideachas & Forbairt Phearsanta	Léachtóirí	PhDanna
2005 /2006	13	3
2006 / 2007	13	3

Dámhachtainí don Fhoireann

Bronnadh Ollúnachtaí Oinigh ar an Dr Orison Carlile agus ar an Dr Anne Jordan ag Ollscoil Stáit Tula, Tula, An Rúis.

I Mí Mheithimh, 2006.dámhadh an Dr Anne Jordan as barr feabhas i maoirseacht ar thaighde.

Cúrsaí

- D'éirigh leis an Lárionad Fiontraíochta agus Teicneolaíochta in Inis Cóirthe maoiniú de luach os cionn €1milliún a fháil le haghaidh ceithre mhórthionscadal.
- D'athsheoladh an Mháistreacht i mBainistíocht an Oideachais.
- Fuarthas faomhadh le haghaidh MSc in Eolaíocht an Oideachais (Bun-Eolaíocht).
- Fuarthas faomhadh le haghaidh (i) Ard-Dioplóma agus (ii) Máistreacht in Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte, i gcomhar Scoil na nEolaíochtaí Sláinte.
- Fuair, trí idirbheartaíocht, don fhoireann acadúil in Institiúid Teicneolaíochta Shligigh Dioplóma Iarchéime/Máistreacht i dTeagasc agus i bhFoghlaim Leanúnach agus in Ard-Oideachas.
- Fuair tionscadail idirnáisiúnta AE nua tríd an Áisínteacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (ÁNLA) agus trí Richard Moody.
- D'éirigh linn, trí idirbheartaíocht le hInstitiúid Teicneolaíochta, Sligeach, cúrsa Teastais i Staidéir Abhcóideachta a chur ar bun.

For-Rochtain

Cuid de mhisean na hInstitiúide is ea Réigiún Foghlama a chruthú san Oirdheisceart. Cuidíonn an Scoil leis an gcuspóir sin trína cuid imeachtaí for-rochtana. Cur i gcás, ofráladh Cláir Oideachais agus Forbartha Pobail sna hionaid seo a leanas: Ros Mhic Treoin, Loch Garman, Inis Cóirthe, ITPL, Lárionad na mBan i bPort Láirge, Carraig na Siúire, agus i gCluain Meala. Bhí cúrsaí ar leibhéal Ard-Teastais, BA (Gnáth) agus BA (Onór.). Rinne an

Léacht Phoiblí ar Chúram Maolaitheach in Uganda

I Mí na Samhna 2005 thug an Dr Anne Merriman Léacht Phoiblí don Scoil um Oideachas agus um Fhorbairt Phearsanta ar mhodúl an chúraim mhaolaithigh agus chúraim a chleachtar in Uganda. Bronnadh an MBE ar an Dr Merriman sa bhliain 2002 mar aitheantas ar a raibh déanta aici ar son chúraim na sláinte in Uganda agus freisin fuair sí dámhachtain aitheantais ar leith sa bhliain 2001 ón gCumann Idirnáisiúnta um Chúram Ospíse agus Maolaithigh. Tá éirithe an-mhaith aici in Uganda, áit ar fhorbairt sí modúl den chúram maolaitheach atá anois mar chuid den phlean náisiúnta sláinte ag Rialtas Uganda. Is díol aithrise an modúl de chúram ospíse seo freisin do thíortha eile san Afraic chun spreagadh a thabhairt dóibh an cúram maolaitheach a dhéanamh mar chuid dá bpolasaithe sláinte. Faoi láthair tá Ann ag obair le chúig thír eile san Afraic ag cuidiú leo chun an Cúram Ospíse a leathnú.

Ann Jordan ag dul amach ar Scor

Ar chúl, ó Chlé go Deas: Karen Bunyan, Orison Carlile, Mairín Grant, An Stiúrthóir Kieran Byrne, Venie Martin, Peter Jordan, Mary Fenton. Ar thosach: Anne Jordan agus Dolores Gilhooly.

Instititiúid dearbhú freisin ar Chláir Forbartha Bainistíochta de chuid na mBord Fiontraíochta Contae i dTiobraid Árann, Theas agus Thuaidh, i Loch Garman, i gCill Mantáin agus i gCill Dara.

Bhí cúrsaí ar thairiscint ag Aonad Tacaíochta Fiontraíochta na hInstitiúide, Inis Córthe i gContae Loch Garman. Bhunaigh an Institiúid an tAonad Tacaíochta seo i Mí na Samhna 2002 chun nasc díreach a chruthú idir ITPL agus lucht gnó i gContae Loch Garman. Ó 2005 i leith tá an méid seo déanta ag Lárionad Fiontraíochta agus Teicneolaíochta Inis Córthe (LFTIC).

- Trí chlár traenála agus fiche curtha ar fáil do 370 rannpháirtí,m.sh. Teastas Inniúlachta in Iompar Bóthair (TIIB); Costáil agus Praghsáil, Árachas do Gnólachtaí Beaga.
- Seirbhís Tacaíochta Gnó curtha ar fáil; Taighde Margaíochta i gcomhair fiontar áitiúla; Tacaíocht do ghnóthaí ag tosú.
- Cabhair tugtha do 45 gnó ag tosú i limistéir cosúil le tarlú bóthair, gnó talmhaíochta, foirgníocht, foilsiú leabhar.
- Gníomhú mar Ionad Faisnéise maidir le cúrsaí staidéir lánaimseartha san Institiúid.
- Maoiniú faighte ar luach thart faoi €1milliún le haghaidh ceithre mhór-thionscadal.

Taighde

Is iad na príomh-limistéir taighde sa Scoil ná na Cleachtais is Fearr i dTeagasc agus i bhFoghlaim, Cruthaitheacht in Oideachas, Fealsúnacht an Oideachais, An Foghlaimeoir níos Sine, agus Oideachais an Phobail. Tá an maoiniú faighte ón Earnáil Teicneolaíocht, Sraith 1. Craobhscaoileadh torthaí taighde na Scoile ar chomhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta agus foilsíodh iad sna hirisí is fearr. I rith na tréimhse sin bhí an Scoil an-ghníomhach ag forbairt tograí i dtaobh máistreachtaí agus dochtúireachtaí a réiteodh lenár straitéis taighde agus lenár limistéir speisialtóireachta.

Tá naisc sonracha i gcomhair taighde cruthaithe ag an Scoil le comhpháirtithe idirnáisiúnta, go háirithe le hOllscoil Oideolaíoch Stáit Lev Tolstoy Tula, Tula, sa Rúis, le hOllscoil Guangxi, sa tSín agus le Gottevot san Araib Shádach. Go deimhin, cheapadh beirt bhall den bhfoireann mar Ollúna Comhlachais d'Ollscoil Tula. Sa bhliain 2005/06 bhí an scoil mar óstach ar Chomhdháil Idirnáisiúnta ar 'Foghlaimeoirí níos Sine' agus rinneadar óstaíocht sa bhliain 2006/07, i gcomhar le ONÉ, Maigh Nuat, ar chomhdháil ar 'Chruthaitheacht in Ard-Oideachas'.

Scoil na hInnealtóireachta

Déanann Scoil na hInnealtóireachta cláir acadúla, taighde agus forbartha a bhaineann le hinnealtóireacht, foirgníocht, ailtireacht agus staidéar trádála a dhearadh agus a chur ar siúl.

Tá an Scoil roinnte idir 4 Roinn acadúla agus aonad riaracháin amháin. Is iad seo a leanas Cinn na Ranna:

Ceann Scoil na hInnealtóireachta: An tUas. Denis Moran

Ceann ar Roinn na Foirgníochta agus na hInnealtóireachta Sibhialta: An Dr. Ken Thomas

Ceann ar Roinn Teicneolaíochta na hInnealtóireachta: An tUas. Albert Byrne

Ceann ar Roinn na hAiltireachta: Ms. Maire Henry

Ceann ar Roinn an Staidéir Trádála: An tUas. Mr. Denis O'Shea

Riarthóir na Scoile: Ms. Claire Fitzpatrick

Fís agus Plean

Tá sé d'aidhm ag Scoil na hInnealtóireachta cláir ard-cháilíochta a sholáthar chun gairmigh a thraenáil i ndisciplíní ábhartha san innealtóireacht, sa bhfoirgníocht agus san ailtireacht. Cothaíonn an Scoil imshaol scoláire-lárnach uileghabhálach, le béim ar bharr feabhais sa teagasc agus sa bhfoghlaim agus cothaíonn siad scileanna teicniúla a ghabhann le dearcadh ceart ábhartha a fhorbairt. Tá sé d'aidhm ag an Scoil freisin meon ceart i dtaobh na freagrachta sóisialta a luíonn ar ghairm na hinnealtóireachta a shíolrú sna scoláirí agus ceangaltas do choincheap na foghlama fadshaoil agus d'fhorbairt leanúnach a ngairme tar éis dóibh an chéim a fháil.

D'fhonn na gcuspóirí seo a bhaint amach tacaíonn an Scoil le forbairt ghairmiúil na léachtóirí agus na foirne tacaíochta. Tugann an polasaí tacaíocht ghníomhach ag daoine nó ag grúpaí do thaighde san innealtóireacht. Déanann an Scoil gach iarracht a dheimhniú go gcoinnítear na seomraí teagaisc, na stiúidionna agus na saotharlanna ar ard-chaighdeán agus go mbíonn an trealamh chomh nua-aimseartha agus is féidir a cheannach de réir an bhuiséid. Tá an Scoil gníomhach ag cothú na hinnealtóireachta mar ghairm bheatha agus tá naisc gníomhacha le tionscail réigiúnacha. Is é an cuspóir fadtéarmach atá ag an Scoil ná a bheith mar lárionad barr feabhais agus saineolais in innealtóireacht agus i dteicneolaíocht agus go mbeadh a clú i gcomhair taighde agus comhairleachta ag méadú i gcónaí.

Tá na nithe seo a leanas áirithe ar an liosta speisialta de chuspóirí leanúnacha atá ag an Scoil:

- Nua-Chúrsaí agus Speisialtachtaí Ábhartha
- Áiseanna na Scoile a Mhéadú agus a Nua-Aimsearú
- Bonn Cáilíochtaí agus Scile na Foirne a Fheabhsú
- Cáiltíocht an Teagaisc a Fheabhsú
- Díogras agus Diongbháilteacht na Scoláirí a Fheabhsú

- Forbairt Phearsanta - Oideachas d'Iomlán an Duine - An Cleachtóir Machnamhach.
- Gairmeacha san Innealtóireacht a chur chun cinn, Clár Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta do Scoileanna (CETIS), Lár-Ionad Teagaisc, Matamaitice, Eolaíochta agus Teicneolaíochta (LITMET), Cuairteanna Scoile, Laethanta Oscailte.
- Saineolas agus Clú Teicniúil a fhorbairt i dTaighde agus i gComhairleacht.
- Lárionad Barr Feabhas/Saineolais in Innealtóireacht/Teicneolaíocht a chruthú.
- Solúbthacht an Phlean Ghníomhaíochta Bhainistíochta (PGB) a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar an mbeag-éileamh atá ar chúrsaí san innealtóireacht.
- Próifíl phoiblí na Scoile a ardú.
- An Córas Forbartha um Bhainistiú Feidhmíochta (CFBF) a chur i bhfeidhm sa Scoil.

Céimithe BSc in Ailtireacht

Ar 26ú Meán Fómhair 2005 d'oscail an Institiúid na doirse do scoláirí chun staidéir ar chlár nua gairmiúil ailtireachta. Ócáid ard-mheanmnach ba ea í don té a bhí páirteach inti. Lean forbairt an chláir nua seo go nádúrtha ar thraidisiún láidir na gcúrsaí a raibh gaol acu le timpeallacht foirgníochta na hInstitiúid, go háirithe an cúrsa i dteicneolaíocht na hailtireachta. D'éirigh leis an gclár nua seo gabháil go rathúil trí dhian-phróisis creidiúnaithe, gairmiúil agus acadúil. Tá neart an chúrsa bunaithe ar fhoireann fhuinniúil idirnáisiúnta, ar chomhoibriú ar leibhéil gairmiúla agus acadúla agus, thar rud ar bith, ar ilthréithiúlacht shaibhir na scoláirí féin.

Ba í seo an chéad Roinn nua Ailtireachta an taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath. Tá sé d'aidhm acu arm aigne an deartha a bhronnadh ar scoláirí agus na scileanna a thabhairt dóibh ionas gur féidir leo cur go dearfach leis an imshaol foirgníochta. Oibríonn an Roinn freisin mar chatalaíoch plé agus díospóireacht do phobal ailtireachta an Oirdheiscirt. Oibrítear go dlúth leis na húdaráis áitiúla chun caighdeán na hailtireachta sa réigiún a fheabhsú. Ar an leibhéal idirnáisiúnta, tá comhaontaithe agus cláir malairte ag an Roinn le scoileanna cinnireachta san ailtireacht sa bhFrainc agus i Meicsiceo.

Maidir le Scoláirí

Is i an uimhir iomlán scoláirí idir lánaimseartha is páirtaimseartha atá sa scoil faoi láthair ná:

Iontráil Scoláirí Lánaimseartha	2005/06	2006/07
Bun-chéim	1,266	1,225
Iarchéim	26	17

Tá 38 grúpa ar chúrsaí lánaimseartha bliana, 42 grúpa bloc-scaoilte printíseachta agus thart faoi 630 (comhionann agus 210 lánaimseartha) printíseach ceardaíochta sa scoil faoi láthair. De bhreis ar na seomraí léachta, idir lán-sannaithe agus roinnte, tá raon mór de Shaotharlanna, Stiúideonna agus Ceardlanna. Tá siad sin á bhfreastal ag seisear teicneoirí ar chláir oibre lánaimseartha agus ag seisear teicneoirí eile ag seirbheáil an staidéir trádála.

Maidir leis an bhFoireann

Tá 96 léachtóir i Scoil na hInnealtóireachta (agus Ceann na Scoile agus Cinn na Ranna a chur san áireamh). Tá 20% orthu sin gníomhach sa taighde.

Scoil Innealtóireachta	Léachtóirí	Phd
2005 /2006	96	7
2006 / 2007	96	9

I rith na tréimhse bhí beirt as an bhfoireann ag gabháil de staidéar dochtúireacha.

Baill foirne a fuair cáilíochtaí nua i rith na tréimhse

Fuair Austin Coffey PhD
Fuair Jim Lawlor PhD
Fuair Emily Grace MSc
Fuair O'Toole MA
Fuair Paschal Kennedy BSc
Fuair Robert Doyle BSc

Cúrsaí

Tá cláir lánaimseartha á dtairiscint ag an scoil ar leibhéil an Teastais, na Céime (Dioplóma roimhe seo) agus na Céime Onóraí i nDéantúsaícht Mheicniúil, Leictreonaic, Innealtóireacht, Seirbhísí Tógála, Innealtóireacht Shibhialta, Suirbhéireacht Chainníochta, Teicneolaíocht Ailtireachta agus Bainistiú Foirgníochta. Tá dhá chlár múinte máistreachta á dtairiscint ag an Scoil i bBainistíocht Tógála Tionscadal agus i Leictreonaic. Tá Máistreachtaí freisin bunaithe ar thaighde i Leictreonaic, i nDéantúsaíocht agus in TE na Foirgníochta. Tá rannóg speisialta ag an scoil chun freastal ar printísigh ceirde sna réimsí: Pluiméireacht, Suiteáil Leictreachais, Mótar-Innealtóireacht agus Brícadóireacht.

Is í an Fhealsúnacht Teagaisc atá sa scoil ná 'teagasc trí déanamh' agus tá cothú na tacaíochta don fhoghlaim fad-saoil mar eochair-chuspóir i measc na scoláirí agus na cleachtóirí réigiúnacha go léir. Is gnéithe táb-hachtacha iad seo mar naisc idir dhisciplíní agus bíonn cúrsaí ion-roghnaithe ar thairiscint ag Scoileanna na nDaonnachtaí, an Ghnó, na hInnealtóireachta agus an Oideachais. Bíonn deis ag scoláirí staidéar a dhéanamh sa bhFrainc, san Iodáil nó sa Ghearmáin de bharr na scoláireachtaí idirnáisiúnta, na sochrúchán oibre agus na gclár malartaithe. Tá fócas réigiúnach ag an Scoil agus bíonn an-chuid imeachtaí ar bun inti don choláiste agus don phobal i gcoitinne. Bíonn turais thar lear, seimineáir, comhdhálacha, ceardlanna, foilseacháin agus taispeántais. Tá thart faoi 20% de dhaonra iomlán scoláirí na hInstitiúide sa Scoil seo faoi láthair.

Nua-Chúrsaí a eagraíodh i Scoil na hInnealtóireacht sna blianta 2005/6 agus 2006/7

- BSc in Eacnamaíocht na Foirgníochta
- MSc i mBainistiú Tionscadal Foirgníochta
- Céim Bhaitsiléara le hAiltireacht
- MEng in Innealtóireacht Leictreonach
- Ceardaíocht na Pluiméirachta

Taighde

Sa bhliain 2005 folmhaíodh sraith thiomnaithe de shaotharlainne taighde i Roinn na Teicneolaíochta Innealtóireachta toisc go raibh an traenáil bríceadóireachta ag filleadh ar an gCampas i mBóthar an Bhrúnaigh. Rinneadh na saotharlanna a aistriú chuig an bhfoirgneamh béal dorais - an mhonarcha Rehab athchóirithe. Sa bhliain 2007 d'aistríodh an chill dhéan-túsaíochta ón bpríomh-champas chuig an bhfoirgneamh nua ar a dtugtar anois an Foirgneamh Taighde Innealtóireachta. Bhíodh an chill seo ag feidhmiú mar eochair-acmhainn i dtaighde na déantúsaíochta.

Tá éiteas na taighde an-láidir sa scoil agus bhí Máistreachtaí agus Dochtúireachtaí á n-ofráil inti in ocht gcinn de ghrúpaí taighde .i. Nanfhótóinic, sa Lárionad um Thaighde Ghluaisteán, Micrileictreonaic, Córas-Thaighde, Ard-Teicneolaíocht Dhéantúsaíochta agus an Grúpa Cumarsáide Soghluaiste. Le chéile tá breis agus €1.7m bailithe ag na taighdeoirí sa scoil ó fhoinsí maoinithe éagsúla, ag áireamh Coimisiún na hEorpa FP6 agus FP7, an Clár Tacaíochta Taistil, Joe Murphy Bearna, Co. na Gaillimhe, Gníomhaireacht Chosanta an Chomhshaoil, an Tionscnamh IRCSET Embark, Comhpháirtíocht Nuálaíocht na Fiontraíochta, Taighde Ailse na hÉireann, an Fundúireacht Renzo Piano, Fiontraíocht Éireann agus AE Socrates Minerva.

Colin Fagan agus John Doyle, Scoláirí i mBainistíocht na Foirgníochta, ag obair i Nua-Eabhrach (Yankee Stadium) le Turner Construction

Lámh róbatach ITPL, Tionscnamh Innealtóireachta ag Paul Allen, ball den bhfoireann i Roinn Teicneolaíocht na hInnealtóireachta.

Scoil Eolaíocht na Sláinte

Dearann Scoil Eolaíocht na Sláinte cláir taighde agus forbartha a bhaineann le sláinte, aclaíocht, spórt agus cúram altranais agus cuireann siad na cláir sin ar fáil. Tá an Scoil roinnte idir dá Roinn acadúla agus aonad riaracháin amháin. Is iad seo a leanas Cinn na Ranna:

Ceann na Scoile: An Dr Eric Martin

Ceann ar Roinn Eolaíocht na Sláinte, Spóirt, agus Aclaíochta: Ms. Teresa Hurley

Ceann ar Roinn an Altranais: An Dr. John Wells

Riarthóir na Scoile: Ms. Alison Galloway / Ms. Laura Carr

Fís agus Plean

Cuid den tionchair ón dtaobh amuigh atá ag cur neart agus spionnadh le gníomhaíochtaí na scoile is ea fostaíocht agus forbairt rathúil agus a ghiniúint sa cheantar. Dá bhrí sin tá béim na Scoile ar ard-chumas a fhorbairt ó thaobh cleachtais de agus aithnítear an tábhacht a bhaineann le comhpháirtíocht dhlúth, chom-thairbheach a chothú le fostóirí amuigh agus le coimisinéirí oideachais. Is ceangail lárnacha iad seo i bplean straitéiseach na Scoile.

TAithníonn an Scoil an tábhacht atá le réiteach le haghaidh fostaíochta, agus gur cuid bhunúsach é seo de mhisean na Scoile. Ach aithnítear freisin go bhfuil sé chomh tábhachtach céanna foghlaimeoirí a sholáthar, daoine ar chliaint agus geallshealbhóirí le chéile iad. Daoine a bhfuil flosc agus éirim chun foghlama iontu féin a chuirfidh lena bhforbairt phearsanta agus lena ngairmiúlacht. Tá foireann os coinn 60, ard-cháilithe ann chun obair na scoile a chur i gcrích.

Bhí bunú na Scoile seo ar cheann de na rudaí is sonraí a tharla sa tréimhse seo nuair a aistríodh, de réir Plean Straitéiseach ITPL (Dul Chun Cinn & Acmhainn) 2003-2007, an obair a bhí ar siúl cheana ó scoileanna eile. Sa bhliain 2004 aistríodh Roinn an Altranais (a bhí roimhe sin mar chuid den Scoil Eolaíochta) chuig an Scoil nua seo. Bunaíodh an Scoil ina hiomláine i Mí Mheithimh, 2005, le cruthú, as cúrsaí áirithe, Roinn Eolaíocht na Sláinte an Spóirt agus na hAclaíochta. Rinneadh cláir taighde, foireann agus scoláirí a aistriú ó Roinn na dTeangacha, Turasaíochta agus Staidéir Spóirt (i Scoil na nDaonnachtaí).

Le cúnamh a fuarthas ó chomhairleacht Salmon's Reach, chuaigh an Scoil i gcomhairle le geallsealbhóirí laistigh agus lasmuigh. Tar éis machnaimh ar fhionnachtain na comhairle, rinne an Scoil plean straitéiseach a cheapadh agus a fhoilsiú don tréimhse 2007-2010 ar an ábhar 'Dúshlán agus Athrú'. Treoraíonn an plean seo forbairt na Scoile.

Sholáthraigh an Roinn Sláinte agus Leanaí foirgneamh mar ionad oiliúna na n-altraí. Chríochnaíodh agus chuireadh an foirgneamh seo in úsáid i bhFomhar bliana 2005.

Seoladh Scoil Eolaíocht na Sláinte

Sa phictiúr ag seoladh Scoil nua Eolaíocht na Sláinte ITPL ag Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge, ó chlé: An Dr Eric Martin, Ceann na Scoile, Ms Teresa Hurley, Ceann ar Roinn Eolaíocht na Sláinte an Spóirt agus Aclaíochta, agus An Dr John Wells, Ceann ar Roinn an Altranais.

Maidir le Scoláirí

Ag seo a leanas líon na scoláirí, lánaimseartha agus páirtaimseartha, sa scoil:

Iontráil Scoláirí Lánaimseartha	2005/06	2006/07
Bunchéim	1,003	1,022
Iarchéim	24	33

Comórtais, Duaiseanna agus Dámhachtainí Scoláirí

Banc Aontais Éireann, Scoláire na Bliana
2006/2007 Emma Farrell, BA, Sláinte a Chur Chun Cinn, Bliain 1
2005/2006 Michael Moynihan, BSc in Altranas Ginearálta, Bliain 4

Dámhachtain Barr Feabhais sa Spóirt
2005/2006 Ursula Jacob, BB i mBainistíocht Áineasa agus Spóirt, Bliain 4: Gnóthachan Camógaíochta Uile-Éireann
2005/2006 Pat O'Shea, Céimí BB i mBainistíocht Áineasa agus Spóirt : Gnóthachan Uile-Éireann mar bhainisteoir ar fhoireann peile Chiarraí

Dámhachtain Ard-Scoláire
2005/2006 Jennifer Cunningham, BSc in Altranas Siciatrach,, Bliain 4

Duais Jonathan Swift
2005/2006 Joanne Burke, BSc in Altranas Siciatrach,, Bliain 4: Dámhachtain Bhliantúil ar Chleachtas Altranais na Sláinte Meabhraí ó Ospidéal Naomh Pádraig i mBaile Átha Cliath

Trófaí Chriostal Phort Láirge, Comórtas Údarás Shábháilteacht Bia na hÉireann
2006/2007 Paul Fenton, BA Aclaíocht agus Sláinte, bliain 4: an 3ú áit

Maidir leis an bhFoireann

Tá 54 léachtóir ar fad i Scoil Eolaíocht na Sláinte (agus Ceann na Scoile agus Cinn na Ranna a chur san áireamh). Astu sin tá 81% ag gabháil le taighde. Agus é seo á scríobh tá dochtúireachtaí ag 20% den fhoireann acadúil, tá cáilíochtaí máistreachta ag 69% agus céimeanna baitsiléireachta ag an gcuid eile. Sa tréimhse seo bhain deichniúr den fhoireann céimeanna níos airde amach. Iad siúd nach bhfuil dochtúireachtaí acu, tá a bhformhór ag staidéar i gcomhair cáilíochtaí níos airde faoi láthair.

Scoil Eolaíocht na Sláinte	Léachtóirí	PhDanna
2005 /2006	48	9
2006 / 2007	54	11

I rith na tréimhse seo bhí naonúr déag as an bhfoireann ag gabháil de staidéar dochtúireachta

Cáilíochtaí a fuair baill den fhoireann i rith tréimhse na tuarascála:

Rosie Donnelly, MSc
Donna Dunne, MA
Michael Harrison PhD
Jean McArdle, PhD
Annalouise Muldoon, MA
Máire Ryan, MA
Frances Finn, MA
Caroline Murphy, MBA
Linda Sheahan, PGD
Michelle Smith, PGD
Michelle Smith, MSc

Bíonn comhoibriú á chothú ag an Scoil ar iliomad leibhéal le comhpháirtithe san áit oibre agus sa saol acadúil in Éirinn agus thar lear. I measc na n-imeachtaí i gcomhpháirtíocht tá cúrsaí a dhearadh agus a sheachadadh, oideachas san áit oibre (ag áireamh áitiú jabanna do scoláirí - gné mhór de na cúrsaí ar fad atá ag an scoil), taighde agus comhairleacht. Eagraítear ócáid amháin gach bliain chun faisnéis a mhalartú idir an scoil agus na geallsealbhóirí. Tá seo an-luachmhar ar fad.

Cúrsaí

Baineann cúrsaí na Scoile le dhá aicme dhisciplíneach:
(i) Altranas.
(ii) Eolaíocht na Sláinte, Spóirt agus Aclaíochta
Tá an roinnt seo le haithint in aidhmeanna agus i gcuspóirí na Ranna sa Scoil.

Ofrálann an Scoil cláir leanúnacha d'fhorbairt phearsanta i gcomhair daoine atá ag obair cheana féin sna limistéir seo agus aithnítear é seo mar áit straitéiseach i gcomhair forbartha. Ar na forbairtí ba shonraí le linn na tréimhse ba ea (i) MAP a chur i bhfeidhm ar na cláir go léir .i. córas modúlach na hInstitiúide chun cláir múinte a chur i láthair; agus (ii) an dian-staidéar a rinneadh ar úsáid na gCóras Teagaisc II-Éirime (GTIÉ).

Cúrsaí nua a chruthaíodh i Scoil Eolaíocht na Sláinte sna blianta 2005/6 agus 2006/7

BSc (Onór.) in altranas ginearálta
BSc (Onór.) in altranas siciatrach
BSc (Onór.) in altranas míchumais intleachtúil
BSc (Onór.) in altranas
HDip in altranas
Dioplóma Iarchéime in altranas
MSc in altranas
BB in áineas agus i mbainistíocht an spóirt
BB (Onór.) in áineas agus i mbainistíocht an spóirt
BA (Onór.) i gcur chun cinn na sláinte
BA (Onór.) in aclaíocht agus i sláinte
MA i siceolaíocht an spóirt
HDip sna Ealaíona in oideachas sóisialach, pearsanta agus sláinte
MA in oideachas sóisialach, pearsanta agus sláinte

Taighde

Tá gafa go gníomhach ag foireann na Scoile sa scoláireacht agus tá achoimriú déanta thios ar seo. Tá méid agus raon na gníomhaíochta ag leathnú go tiubh agus réitíonn 81% den dáimh leis an sainmhíniú a thugann an Institiúid ar 'gníomhach i dtaighde' sna limistéir saineolais, lena n-áirítear taighde faoi iompar sláinte, faoin oinceolaíocht agus faoin tsiceolaíocht atá ceangailte léi, faoi staidéir andúile, agus faoi shiceolaíocht an spóirt. D'éirigh le hiarratais a rinne an dámh ar dheontais taighde agus tá beagnach €1m de mhaoiniú tarraingthe acu i rith na tréimhse. De bhreis ar seo rinneadar maoirseacht ar 27 scoláire taighde agus bhí cúigear díobh ar an gclár dochtúireachta.

Faigheann Eolaí Spóirt as ITPL an post mar Fhiseolaí ó Chomhairle Phara-Oilimpeach na hÉireann

An tUas Liam Harbison, Stiúrthóir Feidhmíochta ar Chomhairle Phara-Oilimpeach na hÉireann agus an tUas Bruce Wardrop ó ITPL , nua-cheaptha mar fhiseolaí na bhfoireann spóirt ag Comhairle Phara-Oilimpeach na hÉireann.

Scoil na nDaonnachtaí

Scoil faoi cheannas ag an dtaighde is ea Scoil na nDaonnachtaí san Institiúid. Cothaíonn, tacaíonn agus cuireann an Scoil gach cineál taighde chun cinn de réir mar a mhíníonn an Chomhairle Acadúil an focal. Tá, ina measc siúd, inter alia, an scoláireacht in éineacht leis an obair sna healaíona cruthaitheacha agus na taibh-ealaíona.

Tá an Scoil Roinnte idir trí Roinn Acadúil agus aonad riaracháin amháin. Is iad seo a leanas Cinn na Ranna:

Ceann ar Scoil na nDaonnachtaí: An Dr John Ennis

Ceann ar Roinn na nEalaíon Feidhmeacha:
An Dr Michael Howlett

Ceann (Gníomhach) ar Roinn na nEalaíona Cruthaitheacha agus Taibhe:
An Dr Rachel Finnegan

Ceann (Gníomhach) ar Roinn an Staidéir ar Theangacha, Turasóireacht agus ar Fháilteachas: An tUas Mr Ray Cullen

Riarthóir na Scoile: Ms. Norah Fogarty

Fís agus Plean

Fís agus Plean
Tá fís na Scoile dírithe ar ghnóthachain le speictream leathan staidéir a dhéanamh ón mbun-chéim go dtí an iar-dhochtúireacht. Tá sé d'aidhm againn fogh-laimeoirí ard-chumais gradamacha a chur ag obair, daoine a bheadh ábalta an toradh sochaíoch is fearr a bhaint amach sa réigiúin, sa náisiún agus i measc na gcoláistí idirnáisiúnta. Is éard atá i bplean na Scoile ná uimhir na scoláirí ar leibhéil na gcéimeanna onóracha, na n-iarchéimeanna agus na ndochtúireachtaí a mhéadú, agus, ag na am gcéanna, an obair bhun-chéime a choimeád ar siúl chun freast-al go leanúnach ar riachtanais cultúrtha agus sóisialta an phobail i gcoitinne.

Maidir le Scoláirí

Is í an uimhir Scoláirí, lánaimseartha agus páirtaim-seartha sa scoil ná:

Iontráil Scoláirí Lánaimseartha	2005/06	2006/07
Bunchéim	1,645	1,721
Iarchéim	22	27

Comortais Scoláirí, Duaiseanna agus Dámhachtainí:

38ú Scileanna Domhanda Oilimpeacha, Helsinki, An Fhionlainn
2005/2006 Bonn Óir d'Éirinn i gComórtas Seirbhís Bialainne

Dámhachtain Ard-Scoláire
2006/2007 Uta Husfeld BA Teangacha agus Margaíocht

Scileanna Náisiúnta, Seirbhís Bialainne
2005/2006 An tUas James Sheridan, Scileanna Fáiltiúcháin: An Roinn Oideachais, Bonn Óir

Scileanna Náisiúnta, Comórtas Sudóige
2006/2007 Mr Fabio Gismondi, Cócaireacht Ghairmiúil: Céad Áit

Dúshlán Fíona Cote du Rhone
2006/2007 Ms Treasa Forrestal, Scileanna Fáiltiúcháin: Bonn Airgid

Céimí na Bliana, Institiúid Fáiltiúcháin na hÉireann
2006/2007 Ms Josephine Mathews, BA i mBainistíocht an Fháiltiúcháin

Scoláireacht Choláiste Johnson &Wales
2006/2007 Cócaireacht Ghairmiúil: Buaiteoir.

Féasta Bia an Phríomhchócaire, Painéal an Oirdheiscirt
2005/2006 Evelyn O'Keeffe, Cócaireacht Seirbheáil, Bonn Airgid

Comórtais Ceannais Náisiúnta na bPrintíseach, Roinn Oideachais & Eolaíochta
2005/2006 Sinead Leacy, Bonn Airgid

Comórtais Ceannais Náisiúnta na bPrintíseach, Iomaitheoirí Ceannais 2005
2005/2006 Roisin Horsham, Bonn-Iomaitheoir
2005/2006 James Sheridan, Bonn-Iomaitheoir

Comórtais Ceannais na hEorpa
2005/2006 Roisin Horsham, Cócaireacht Ghairmiúil, Bonn Óir

Catex, Comórtais Ceannais Náisiúnta
2005/2006 Sinead Leacy, Cócaire Sinsearsach, Seirbheáil, , Bonn Óir
2005/2006 Sinead Leacy, Cócaire Sóisearach Seirbheáil,Bonn Óir
2005/2006 Mark Buckley, Cócaire Sóisearach Seirbheáil, Bonn Airgid
2005/2006 Sinead Leacy, Filleadh Naipcíní, Bonn Airgid

Buaiteoir Dhámhachtain Idirnáisiúnta Bhulbulia sna Daonnachtaí 2006: Ms. Cordula Hansen.

Buaiteoir Dhámhachtain Idirnáisiúnta Bhulbulia sna Daonnachtaí 2007: Ms. Samantha Thomas.

Maidir leis an bhFoireann

Tá 72 léachtóir i Scoil na nDaonnachtaí (ag áireamh Ceann na Scoile agus Cinn na Ranna) agus tá os cionn 54% díobh ag gabháil de thaighde.

Foireann Léachtóirí Scoil na nDaonnachtai	Léachtóirí	PhDanna
2005 /2006	125	20
2006 / 2007	137	21

I rith na tréimhse bhí triúr is fiche as an bhfoireann ag gabháil de dhochtúireachtaí. Sa tréimhse 2002-2007 fuair ochtar agus daichead tacaíocht i gcoinne táillí an staidéir iarchéime.

Cáilíochtaí nua a fuair baill den fhoireann i rith tréimhse na tuarascála:

Albert Keating - D.Litt
Christine O' Dowd Smyth - PhD
Lisa Fitzpatrick - PhD
Niamh Thornton - PhD

Hazel Farrell - PhD
Patrick Fitzgerald - MA
Elliott Payne - MA
Tony Barry - MA

Dámhachtainí na Foirne
An Dhámhachtain Eorpach le haghaidh Teangacha, An Dr Áine Furlong agus comhpháirtithe léi i Roinn na dTeangacha.

Cúrsaí

Áirítear na Cúrsaí i Scoil na nDaonnachtaí faoi dheich ndisciplíní: Ealaín, Ealaíona Cócaireachta, Dearadh, Dlí, Ceol, Siceolaíocht, Staidéar Sóisialta agus Turasóireacht.

Cúrsaí nua a chruthaíodh i Scoil na nDaonnachtaí:

Baitsiléir le hEalaín (Onór.) i Margaíocht na Turasóireachta
Baitsiléir le hEalaín (Onór.) i Staidéar na Leanbh-aoise Luaithe.
Baitsiléir le hEalaín (Onór.) i Staideár an Cheartais Choiriúil.
Baitsiléir le hEalaín (Onór.) i Siceolaíocht le hEalaíne.
Baitsiléir le hEalaín (Onór.) i Staidéar Dlíthiúil*
Baitsiléir le hEalaín (Onór.) i nDearadh (Cumarsáid Radharcach)*
Baitsiléir le hEalaín (Onór.) i Staidéar Feidhmeach Sóisialach sa Chúram Sóisialach*
Baitsiléir le hEalaín (Onór.) in Ealaín Radharcach*
*(*Tugtar faoi deara gur cúrsaí nua ionadacha na cinn a bhfuil réiltín leo).*

Taighde

Is iad seo a leanas na príomh-ábhar taighde atá sa Scoil (in ord abítre); Ealaíona Cruthaitheacha agus Taibh-ealaíona (lena n-áirítear Ealaín, Damhsa, Dearadh, Dráma, Scannánaíocht, Ceol), Ealaíona na Cócaireachta, Siceolaíocht, Staidéar an Fháiltiúcháin, Teangacha (lena n-áirítear Scríbhneoireacht Chruthaitheach), Dlí, Siceolaíocht agus Turasóireacht.

Ray Cullen ag bronnadh Dámhnachtainí ar Scoláirí Bialainne. Sa chúlra atá Sinéad Leacy, ITPL, Curadh an Domhain, 2005.

Achoimriú déanta ar Dhúshláin an Tionscail Turasóireachta ag Comhdháil, ITPL, Meitheamh 2006

Arna óstáil ag ITPL, rinneadh achoimriú agus plé faoi na dúshláin atá le sárú ag tionscal turasóireachta na hÉireann ag an gComhdháil Bhliantúil ar Thurasóireacht agus ar Thaighde Fháiltiúcháin in Éirinn. Sa phictiúir ó chlé: Denis Harrington, Ceann ar Ghnó Iarchéime, ITPL; Garry Breen, Turasóireacht Oirdheiscirt; Antony Foley, Lárionad Staidéir Margaíochta Chriostail Phort Láirge; Paul O'Toole, Turasóireacht Éireann, John Brennan, Óstán na Páirce, An Neidín, Redmond O'Donoghue, Cathaoirleach ITPL, agus Richard Hayes, ITPL.

Tá os cionn seasca scoláire iarchéime ag gabháil de thaighde sa scoil, agus níos mó ná 15% díobh siúd ag obair ar dhochtúireachtaí.
Bíonn taighde ar siúl freisin i roinnt Lárionad Taighde an Lárionad um Thaighde Shóilsialtaagus Teaghlaigh, An Lárionad um Ealaíona Cruthaitheacha agus Taibhe, An Lárionad um Thaighde Dhlíthiúil agus Foilsiúcháin, An Lárionad um Thaighde ar Nua-Theangacha, An Lárionad um Staidéar Thalamh an Éisc agus Labradór agus an Lárionad um Thaighde Turasóireachta agus Fáiltiúcháin. Tá os cionn €.5m faighte ag taighdeoirí na scoile le chéile ó fhoinse maoinithe éagsúla, lena n-áirítear an Bord Sláinte, Acadamh Ríoga na hÉireann, An Chomhairle Ealaíon agus ó chomhlachtaí éagsúla bainteach le tionscnaimh cultúrtha, sóisialacha agus pobail. Tá raon taighde ar siúl freisin i bhFealsúnacht, sa Stair agus in Ealaíona na Cócaireachta.

2006/2007 End of Year Degree Show of Fine Art

Scoláirí na Bliana Deireanaí agus an Dr Rachel Finnegan, Ceann ar Roinn na nEalaíon gCruthaitheach agus Taibhe.

Scoil na hEolaíochta

Lárionad faoi stiúradh na taighde is ea Scoil na hEolaíochta san Institiúid, a thugann oideachas agus deiseanna taighde sna heolaíochtaí agus sa bhfaisnéisíocht. Tá sé de mhuirear ar an scoil teagasc agus forbairt a sholáthar in eolaíocht ceimice agus beatha agus sa ríomhaireacht, sa matamaitic agus sa bhfisic.

Tá an Scoil roinnte idir dá Roinn acadúla agus aonad riaracháin amháin. Is iad seo a leanas Cinn na rannóg:

Ceann Scoil na hEolaíochta: An tUas. Paul Barry

Ceann Roinn na hEolaíochta Ceimice agus Beatha:
An tUas. John Griffith

Ceann of Roinn na Ríomhaireachta, Matamaitice agus Fisice:
An Dr. Micheál Ó hEigeartaigh

Riarthóir na Scoile: Ms. Fiona Power

Tá roinnt coistí ag an Scoil lena n-áirítear Coiste Bainistíochta na Scoile, Coiste na Scoile, Coistí Taighde na Roinne, Boird na gClár, agus an Coiste Sláinte agus Sábháilteachta.

Plean agus Fís

Tá an Scoil seo sa chéad áit mar sholáthraí oideachais eolaíochta ar an dtríú agus ar an gceathrú leibhéal san Oirdheisceart. Cuirtear an misean seo i bhfeidhm trí:

- Oideachas scoláire-lárnach a sholáthar do scóláirí atá cláraithe i gcomhair cúrsaí.
- Taighde ard-leibhéil a dhéanamh san eolaíocht agus sa bhfaisnéisíocht.
- Oibriú le comhpháirtithe agus le geallshealbhóirí chun sochair a bhaint as an eolas agus na scileanna atá ar fáil sa Scoil.
- Tacaíocht a thabhairt do chomhlachtaí réigiúnacha agus náisiúnta chun an eolaíocht agus an teicneolaíocht a chur chun cinn.
- Oibriú le comhpháirtithe réigiúnacha agus le tionsclaíocht náisiúnta.
- Oibriú le scoileanna bun agus dara leibhéil sa réigiún chun suim a mhúscailt san eolaíocht agus sa teicneolaíocht.
- Deiseanna a chruthú ionas go bhfaigheadh iarchéimithe dul ar aghaidh le forbairt leanúnach gairmiúil.
- Oibriú le comhpháirtithe idirnáisiúnta san oideachas agus sa taighde.

Seachtain na Matamaitice 2006/2007

Scoláirí a bhí i láthair ag Seachtain na Matamaitice

Maidir le Scoláirí

Ag seo a leanas líon na scoláirí, lánaimseartha agus páirtaimseartha atá sa scoil:

Iontráil Lánaimseartha	2005/06	2006/07
Bunchéim	615	640
Iarchéim	43	62

Comórtais, Duaiseanna agus Dámhachtainí na Scoláirí

Sparánacht Sunlife
2006/2007 Tom Fennessey, BSc (Onór. i dTeicneolaíocht an Eolais
2005/2006 Joanne Murphy, Ard-Teastas i bhFeidhmiú Ríomhaireachta, Bliain 1

Scoláireachtaí Samhraidh ó Chumann na Micribhitheolaíochta Ginearálta
2005/2006 Adrienne Clark agus David O'Neill, BSc Biteicneolaíocht

Dámhachtain Ard-Scoláire ITPL
2005/2006 Breda Veale, BSc (Onór.) i mBitheolaíocht le Bainistíocht Cáilíochta

Dámhachtain ITPL um Fhorbairt Feidhmiúcháin Cáilíochta, An Tionscadal For-iomlán is Fearr
2006/2007 Niall Doherty, BSc (Onór.) i dTeicneolaíocht an Eolais
2005/2006 Barry Quigley agus Cormac McInerney

An Dearadh Bogearraí is Fearr
2005/2006 Cathal O'Brien

An Tionscadal Tráchtála is Fearr
2005/2006 Chris Gallagher

BAÉ, Scoláire na Bliana
2006/2007 Niall Donnelly, BSc (Onór.) i bhFisic le Ríomhaireacht
2005/2006 Adrienne Clarke, BSc i mBiteicneolaíocht, Bliain 3

Scoláireachta PhD CÉEIT
2006/2007: David O' Neill, BSc (Onór.) i mBitheolaíocht Fheidhmeach
2006/2007: Adesola Olowu, BSc (Onór.) i gCeimic Fheidhmeach
2006/2007: Mike Kinsella, BSc (Onór.) i gCeimic Fheidhmeach
2006/2007: Laurence Fitzhenry, BSc (Onór.), Ceimic Fheidhmeach
2005/2006: Siobhan Ryan, BSc (Onór.) Bitheolaíochta agus Bainistíocht Cáilíochta

2005/2006: Amanda Freeman, MSc Ríomhaireacht trí Thaighde

'An Chaint is Fearr', Collóiciam Eolaíochta IT, IT Cheatharlach
2006/2007 Vanessa Murphy, PhD trí Thaighde

Boinn Óir agus Airgid ag Bloom
2006/2007 Bonn Óir, Gerard Mullen, BSc sa Ghairneoireacht ar son a ghairdín 'Spás Inmheánach' (sparánacht €17,000 ó na heagraithe, chun an ghairdín a thógáil)

2006/2007 Bonn Airgid ag Bloom:
Gwen Reill, BSc sa Ghairneoireacht ar son a ghairdín 'Cúlráid ar Dhíon'

CRBÁC, Scoláire Gairneoireachta na Bliana
Robert Challoner, BSc in Horticulture

Intéirneacht le maoiniú FEÉ/ Scoil Samhraidh Idirnáisiúnta
David Martin, BSc (Onór.) sa Ríomhaireacht Fheidhmeach

Maidir leis an bhFoireann

Tá céad léachtóirí i Scoil na hEolaíochta (lena n-áirítear Ceann na Scoile agus Cinn na Ranna) agus tá os cionn 50% acu sin ag gabháil de thaighde. I rith na tréimhse bhí fiche duine as an bhfoireann ag gabháil le staidéar dochtúireachta.

Scoil na hEolaíochta	Léachtóirí	PhDanna
2005 /2006	88	32
2006 / 2007	104	35

Dámhachtainí na Foirne

Dámhachtain ITPL ar Bharr Feabhais sa Mhaoirseacht Iarchéime: Dr Peter Mc Loughlin

ITPL, Barr Feabhais sa Mhúinteoireacht:
An tUas. Eamonn de Leastar

Dámhachtain Eureka an Chomhphobail Eorpaigh ar Chumarsáid Eolaíochta:
An Dr. Sheila Donegan & An tUas Eoin Gill

Cúrsaí

Lean an Scoil ag forbairt raon gcúrsaí, dírithe ar:

1. Scoláirí Fochéime (msh. BSc in Eolaíocht an Bhia)
2. Scoláirí Iarchéime (msh. MSc i bPróisis na Faisnéise)
3. Scoláirí ó thar lear
4. Comhpháirtithe Tionscail (msh. BSc sa Dea-Chleachtas Déantúsaíochta)

... chomh maith le cúrsaí atá ann cheanna a nua-chóiriú agus an buntáiste is fearr a bhaint as tionscnamh MAP na hInstitiúide.

Cúrsaí nua a chruthaíodh i Scoil na hEolaíochta i rith 2005/6 agus 2006/7

BSc (Onór.) sa Chógas-Eolaíocht

BSc (Onór.) sa Bhainistíocht Gnó sa Talmhaíocht/Foraoiseacht/Gairneoireacht

MSc sa Bhainistíocht Cáilíochta

Buann Cuibhreannas ITPL an Ról Lárnach Náisiúnta chun Ceannródaíocht a dhéanamh ar Thaighde Idirlín

Mar thoradh ar phróiseas iomaíochta, tá feadhnacht faoi cheannas ITPL ainmnithe mar Lárionad Ipv6 in Éirinn. Sa phictiúr ag seoladh an Lárionaid Ipv6 (Comhghnás Idirlín, Leagan 6) tá Martin Cullen TD, Aire Iompair, an té a d'oscail an t-ionad go hoifigiúil thar cheann an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha. Ó Chlé: Mícheál Ó Foghlú, Stiúrthóir Lárionad Ipv6, An Dr Willie Donnelly, Ceann ar Thaighde, ITPL; Latif Ladid, Uachtarán, Fóram Ipv6, an tAire Martin Cullen; Redmond O'Donoghue, Cathaoirleach ITPL, agus an tOllamh Kieran Byrne.

MSc in Eolaíocht Anailíseach móide Bainistíocht Cáilíochta

BSc in Dea-Phróisis Déantúsaíochta

Ard-Dioplóma in Anailís Córas Gnó BSc (Onór.) i bhFóiréinsic Ríomhaireachta

MSc sna hIlmheáin agus sa Ríomhfhoghlaim

MSc i bPróiseáil na gCóras Faisnéise

BSc in Eolaíocht an Bhia, móide Gnó

BSc (Onór) i bhForbairt Feidhmchlár Ilmheánacha

BSc (Onór) i Matamaitic an Airgeadais

Taighde

Is iad na príomh-ábhar sa Scoil na an bhiteicneolaíocht, éiceanuálaíocht, eolaíocht na deighilte, fótóinic, teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC), córais faisnéise, córais leabaithe agus ríomhfhoghlaim.

Tá os cionn 70 scoláire taighde iarchéime ag an Scoil agus os coinn 50% díobh ag obair ar PhDanna.

Is í aidhm atá taobh thiar de na cláir taighde i gcomhaircéime ag Scoil na hEolaíochta ná:

- Deiseanna taighde a sholáthar do scoláirí ar na leibhéil 9 agus 10.
- Cumas inmharthana a chruthú i roinnt limistéar saindhírithe.
- Éiteas na taighde a bhunú in obair na scoile go léir.

- Síor-fheabhsú a dhéanamh ar chaighdeán an teagaisc sa scoil trí thaighde chomhaimseartha a chleachtadh.

Imeasc forbairtí sonracha sa taighde beidh lárionaid taighde le cruthú sa éicea-nuálaíocht, san eolaíocht chógasaíochta agus sa bhiteicneolaíocht mhólíneach, ag clúdach raon na n-oibreacha i Roinn na nEolaíochtaí Ceimice agus Beatha agus teacht chun cinn na mbraislí taighde sna hEolaíochtaí Bithleighis agus i bhFaisnéisíocht na Sláinte.

Le chéile, tá os cionn €4m faighte ag na comhaltaí ó fhoinsí maoinithe éagsúla, lena n-áirítear: Fundúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ), an Clár um Thaighde i bhForais Tríú Leibhéil faoin Údarás Ard-Oideachais (ÚAO), an Bord Taighde Sláinte, Sraitheanna Taighde 3 & 1 Earnáil na Teicneolaíochta, Gníomhaireacht Chosanta an Chomhshaoil, Clár Comhpháirtíocht sa Nuálaíocht ag Fiontraíocht Éireann, agus Clár Interreg an AE. De bharr an cheangail atá ag an scoil leis an nGrúpa Bogearraí & Córas Teileacumarsáide (GBCT) bíonn borradh fós á chur le taighde bunaithe ar TFC (teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide) i Roinn na Ríomhaireachta na Matamaitic agus na Fisice. Tá ag éirí thar cionn fós leis an ngrúpa Optaice sa Roinn chéanna.

Forbairt shonrach i rith na bliana 2007 ba ea seoladh Scoil Ríomhaireachta Eoghain Uí Leathlobhair le haghaidh céimithe. Daingneoidh an scoil seo an áit atá ag an dtaighde fheidhmeach i gcroí-lár na hoibre atá ar siúl ag Roinn na Ríomhaireachta, na Matamaitice agus na Fisice. Cuideoidh an scoil freisin le hinmharthana an tionscail sa réigiún agus beidh acmhainn an-shonrach inti le haghaidh tionscail ard-teicneolaíochta a tharraingt isteach sa réigiún. Ioncam i gcomhair taighde (gan GBCT a áireamh): 2005/6 €520,157; 2006/7: €2,001,004.

Buann Acadúlaigh ITPL Dámhachtain Mhullaigh Eolaíochta an AE

An Dr Shelia Donegan agus an tUas Eoin Gill, as Lárionad Teagaosc Matamaitice, Eolaíochta agus Teicneolaíochta ITPL a ainmníodh mar bhuaiteoirí na Duaise Cumarsáide Descartes. Fuair an Dr Donegan agus an tUas Gill adhmholadh ó phainéal de shaineolaithe ard-leibhéil faoi chathaoirleacht Suzanne de Cheveigne as CNRS, Institiuid Ghradamach Taighde sa bhFrainc. Moladh a n-ard-éirim agus a ndiongbháilteacht chun crua-cheisteanna eolaíochta a chur os chomhair an phobail.



Forbairtí ar Champas

Pleanáil, Forbairt Fhisiciúil agus Bainistíocht Áiseanna

Breithniú ginearálta ar Riachtanais Caipitiúla

Tá an tábhacht a bhaineann le himshaol cruthaithe na foghlama mar íocón don oidhreacht. Iompraíonn sé noirm na sochaí agus an chultúir agus tugann sé inspioráid i gcampais na hInstitiúide do chinntí agus do thosaíochtaí maidir le bainistíocht áiseanna agus forbairtí.

Tá struchtúr ilchampais ag an institiúid. Tá ceithre láithreán againn laistigh de thrí ciliméadar ón gcampas láir. Mar sin féin, toisc go mbíonn daonra na hInstitiúide de shíor ag fás, in éagsúlacht agus trí iliomad campas, ní mór don phleanáil agus don fhorbairt fhisiciúil a bheith i gcónaí oscailte do dhúshlán don chineál seo:

1. Clár leanúnach de mhór-infheistíocht chaipitiúil a phleanáil agus a chur i bhfeidhm.
2. Na hacmhainní fisiciúla i gcomhair fáis phleanáilte i líon na scoláirí a sholáthar chun teacht le próifíl athraitheach na bhfoghlaimeoirí ionas gur féidir an t-eolas, an teicneolaíocht agus an cultúr a scaipeadh trí na pobail go léir san oirdheisceart.
3. Do chinntiú go gcuirtear na struchtúir cuí in áit chun an mhaoiniú cóir a sholáthar le haghaidh pleananna forbartha na hInstitiúide.
4. Do chinntiú go dtacaíonn agus go bhfeabhsaíonn eastát tógtha na hInstitiúide na bun-phróisis seachadta atá againn.

Mar sin, ní foláir na príomh-acmhainní atá riachtanach a bheith ag an Institiúid chun tacú le sprioccanna straitéiseacha, i gcómhthéacs na riachtanas dúshlánacha atá ag athrú de shíor agus éileamh na gcóraíochtaí nua a bhíonn ag leathnú agus ag feabhsú i gcónaí. Tá rún daingean ag foireann na pleanála, na forbartha fisiciúla agus na n-áiseanna atá in ITPL áiseanna den scoth a chur ar fáil faoi réir na n-acmhainní a chuirtear go leanúnach ar fáil dóibh.

Tá na himeachtaí bainistíochta a bhaineann le háiseanna pleanála agus, forbhartha fisiciúla san Institiúid faoi cheannas agus faoi stiúradh an Uas. John J. McConnell, Leas-Cheannasaí agus faoi bhainistiú ag an Uas Paul Quirke, Bainisteoir na dTionscadal Caipitiúla agus Ms Elaine Greenan, Bainisteoir na nEastát.

Pleanáil

Tá timpeallacht bhreá nua-aimseartha ar nós campais ollscoile forbartha ag an institiúid i gcomhair foireann agus scoláirí ag an bpríomh-láithreán sa chathair agus ag campas níos lú ná sin i gclós shean-chlochair atá in aice le lár na cathrach. Tá campas mór sa bhreis ag Carraig an Úir, díreach lasmuigh den chathair, agus is bonn mhaith é sin chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar thaighde agus ar imeachtaí in eolaíocht na sláinte, chomh maith le seirbhísí corparáideacha agus córacha iostais agus spóirt le haghaidh scoláirí. Tá rún ag an Institiúid cloí go docht le hinfheistíocht leanúnach a dhéanamh i bhforbairt na gcampas seo mar is rud é a bhfuil tábhacht mór straitéiseach ag baint leis.

Chuireadh máistir-phlean le haghaidh forbairt an champais seo sa todhchaí faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta i gcomhair a fhaofa i rith na bliana 2006-2007. Is féidir an plean seo a iniúchadh ar láithreán gréasáin na hInstitiúide ag http://webct.wit.ie. Molann an plean go ndéanfaí an campas a fhorbairt ar bhonn iomlánaíoch ar shamhail an champais chéad bhliain ag Ollscoil Carolina Thuaidh. Beidh limistéir ar leith ann le haghaidh taighde, dámha (teagaisc agus foghlama), spóirt agus forbairtí comhlántacha ar nós iostais cónaithe, áiseanna do chomhdhálacha, tráchtáil srl.

Teach Charraig an Úir

Mór-Thionscadail Caipitiúla

I rith na ndeich mbliana atá caite tá €100 milliún infheistithe go rathúil i dtionscadail caipitiúla ar nós Leabharlann Lúcáis Wadding, Teicneolaíocht Eolais agus Cumarsáide an Bháltúnaigh (TEC), Bialann an Ghaillearaí, Lárionad Taighde agus Nuálaíochta Arclab agus an Foirgneamh Oideachais d'Altraí. Tosaíodh athuair i Mí Lúnasa 2006 ar thógáil an fhoirgnimh um Oideachas Turasóireachta agus Áineasa. Bhí briseadh ceithre bhliana sa tógáil sin ach tá sé le bheith críochnaithe go luath sa bhliain 2008. Beidh 7660m2 sa bhfoirgneamh sin agus beidh spás ann do ranna mar teangacha, fáiltiúchán, turasóireacht agus aclaíocht, spórt agus eolaíocht na sláinte. Beidh tionscnamh comhpháirtíochta poiblí-phríobháideach ann

Foirgneamh Taighde agus Nuálaíochta Arclabs. Tá spás 2,400m2 sa bhfoirgneamh seo, an oiread agus a thabharfadh áiseanna do chuid mhór comhoibrithe i dtaighde, i bhforbairt, i bhfiontraíocht agus i nuálaíocht.

chun brú chun cinn a dhéanamh ar na tionscadal a aithníodh agus a moladh faoin Athbhreithniú agus Beartú Tosaíochta a rinne an tÚdarás um Ard-Oideachas a bhrú chun cinn. Tá dul chun cinn anmhaith déanta maidir le pleanáil na dtionscadal seo agus táthar ag súil go gcuirfear críoch ar na tionscadail a bhain ITPL faoin mbliain 2010.

I Mí Iúil 2007 deimhníodh an maoiniú don chéad chéim eile i gcomhair áiseanna taighde ceathrú leibhéil a fhorbairt ag campas na hInstitiúide i gCarraig an Úir faoi Thimthriall 4 den scéim ÚAO CTFTL.

Mór-Ghnóthachain i rith 2006/07

1. Forbairt agus cothabháil leanúnach a dhéanamh ar eastát breá tarraingteach den chaighdeán cuí a chuirfidh maise ar íomhá agus ar imeachtaí na hInstitiúide.
2. Feidhmiú agus rolladh amach trí na foirgnimh go léir de chóras tógála agus bainistíochta fuinnimh a bheadh lán-chomhtháite agus gréasán-chumasaithe.
3. An Institiúid a bheith aitheanta mar shain-shampla de dhea-bhainistíocht imshaoil sa réigiún.
4. Imshaol oibre sláintiúil agus sábháilte a chur ar fáil ar bhonn leanúnach don fhoireann agus do na scoláirí.

Oscailt Oifigiúil Foirgneamh Taighde agus Nuálaíochta Arklabs

I Mí Dheiridh Fómhair 2006 thug an Taoiseach, Bertie Ahern cuairt ar Champas Thiar ITPL ag Carraig an Úir, áit ar oscail sé an Lárionad Taighde agus Nuálaíochta Arclabs. Maoiníodh é seo idir an Clár um Thaighde i bhForáis Tríú Leibhéil (CTFTL) ag Údarás Ard-Oideachais, Fiontraíocht Éireann agus BAÉ. Tá áit sa lárionad do 110 taighdeoir ón nGhrúpa Bogearraí agus Córas Teileachumarsáide (GBCT), ó Lárionad Fiontraíochta na hInstitiúide agus ó Chlár Ardán Fiontraíchta an Oirdheiscirt (CAFOD). Sa phictiúr ón oscailt ó chlé tá: John McConnell, Leas-Phríomh-Oide, WIT, Willie Donnelly, Ceann ar Thaighde, Martin Cullen TD, Aire Iompair, Redmond O'Donoghue, Cathaoirleach ITPL, an Taoiseach Bertie Ahern TD, Brendan Kennelly agus na tOllamh Kieran Byrne.

Leabharlann agus Seirbhísí Ríomhaireachta

Bhí forbairtí agus gnóthachain móra ag baint leis na Seirbhísí Leabharlainne idir 2005 agus 2007, cur i gcás:

- Bhí bliain an-ghnóthach ag an Deasc Ciorclaíochta i gcaitheamh tréimhse na tuarascála. Chuireadh an clár nua i bhfeidhm sa bhliain 2007 lenar féidir íocaíochtaí a dhéanamh le hairgead síos nó le WITcard.
- Bhí an Deasc Faisnéise tábhachtach i gcónaí mar phointe teagmhála ag úsáideoirí na leabharlainne ar feadh na bliana go léir in 2007. Tháinig forbairt bhreise ar an Deasc Faisnéise agus ar na seirbhísí tagartha nuair a chuireadh fad leis an huaireanta oscailte. Tá seirbhísí tagartha ar fáil anois um thráthnóna. Ba é an Deasc Faisnéise a thionscain an tSeirbhís Thagartha de Theachtaireachtaí Meandracha (TM). Le TM is féidir cian-chumarsáid leictreonach a dhéanamh lom láithreach agus i bhfíor-am idir an Deasc Faisnéise agus úsáideoir na leabharlainne. Tá sé i gceist an tseirbhís a sheoladh agus a chomhtháthú sa bhliain 2008.

Luke Wadding Library



- Lean oifig na n-iasachtaí idir-leabharlainne ag foinsiú roinnt acmhainní sonracha ón dtaobh amuigh, agus, sa bhliain 2007, chuireadh gnás iarrata i bhfeidhm tríd an ngréasán agus d'éirigh leis go han-mhaith.
- Catalóga - Faoi dheireadh na bliana acadúla 2006-2007 bhí os cionn 181,500 mír ar láimh ag an leabharlann. Fairis sin, bhí tuilleadh fáis faoin rochtain a bhí ag an leabharlann ar thréimhseacháin acadúla i bprionta agus i bhformáid leictreonach. I rith na tréimhse atá faoi chaibidil leanadh le catalógú a dhéanamh ar na bailiúcháin speisialta, uathúla atá ag an Institiúid, agus bailiúcháin Rosen agus bailiúchán Eaglais na hÉireann a chur san áireamh. Sa tréimhse seo d'éirigh le hiarratas chuig an gComhairle Oidhreachta i gcomhair maoinithe chun na bailiúcháin uathúla sin a fhorbairt.
- Agus an modúl traenála is déanaí á chur i bhfeidhm acu i rith na tréimhse, thug foireann Tacaíochta na Foghlama cuid mhór acmhainní leabharlainne agus seisiúin traenála ar scileanna taighde do scoláirí céime agus iarchéime. Chomh maith le sin, rinne an fhoireann freastal ar sprioc-ghrúpaí d'úsáideoirí cosúil le Ranganna Oideachais d'Aosaigh, grúpaí de scoláirí aonair agus scoláirí ICRCT (Ionad um Chúnamh, Rochtain, Coinneáil agus Teagasc). Chuireadh tús le hobair ar chlár faisnéise tiomnaithe ar líne faoi litearthacht dírithe ar scoláirí idirnáisiúnta.
- Rinneadh athchóiriú ar fad ar láithreán gréasáin na leabharlainne in ITPL de bharr tionscadail sa bhliain 2007. Faoin nua-dhearadh tá an láithreán ag teacht níos mó leis na láithreáin nua-aimseartha web 2.0. I ndiaidh an tionscadail seo is féidir gnéithe nua a chur leis an láithreán, ina measc
  - > Blag nuachta ón leabharlann a sholáthar le fothaí RSS maille le roghanna don léitheoir freagraí a chur ar ais. Leagan ar leith den chatalóg ar scála beag, ar fáil ón leathanach baile agus trí láithreán gréasán na leabharlainne ar fad.
  - > Seirbhís Deasca Faisnéise Teachtaireachtaí Meandracha a chur ar fáil.
- Cartlann Dhigiteach agus Tráchtais Leictreonacha: Tugadh polasaí isteach i rith 2006-2007 a chuireann iallach ar gach iarchéimithe cóip dá dtráchtas taighde a thabhairt i bhformáid leictreonach don leabharlann le chur le clárlann dhigiteach na hInstitiúide. Tosaíodh ar an bpolasaí seo a chur i bhfeidhm agus bhí baill den fhoireann i dteagmháil le scoláirí a bhí ag cur tráchtas isteach i rith na tréimhse 2006-2007. Tá obair na dtráchtas a chur isteach ag dul ar aghaidh i gcónaí. Bhí fás sonrach faoi mhais chriticiúil na Clárlainne Digití sa dhá bhliain 2005-2006 agus 2006/2007. Tionóladh roinnt seisiún faisnéise agus traenála sa tréimhse dhá bhliain seo. Chomh maith le sin rinneadh bealaí nua a chuardach ag lorg comhpháirtíochtaí ón dtaobh amuigh.
- Struchtúr Teicneolaíoch - Rinneadh roinnt athnuachan ar struchtúr teicneolaíoch na leabharlainne. Rinneadh sraith ríomhairí as an nua ar fad a chur isteach ag deireadh na bliana agus ba chóir go mbeidís mar chabhair an-mhór don Tacaíocht Foghlama. Chomh maith le sin, chuir Roinn na Seirbhísí Ríomhaireachta córas iomlán líonraí gan sreang de réir a chéile isteach sa leabharlann agus cheapadh roinnt áiteanna ar fud na leabharlainne mar bhaill te Wi-Fi.
- Taighde Leabharlainne - Rinne roinnt d'fhoireann na leabharlainne taighde san Eolaíocht Leabharlainne agus Faisnéise i rith an dá bhliain acadúla. D'fhoilsigh foireann ón leabharlann roinnt alt scolártha ag cur síos ar mhaoiniú i gcomhair leabharlannaí, ar chórais bainistíochta inneachair, ar sholáthar faisnéise agus arliteartacht faisnéise.

Nochtann an tUachtarán Bailiúchán Pauline Bewick ag Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge

An tUachtarán Máire Mhic Ghiolla Íosa, sa phictiúr, agus í ag oscailt an bhailiúcháin a bhronn an t-ealaíontóir clúiteach Éireannach Pauline Bewick. Tá os cionn 200 mír ealaíne sa bhailiúcháin a bhéas ar bhuan-thaispeáint i bhFoirgneamh an Bháltúnaigh in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge.

Seirbhísí Ríomhaireachta

Tá roinn na Seirbhísí Ríomhaireachta san Institiúid freagrach as cothabháil agus forbairt Áiseanna TE na hInstitiúide, ina measc sonraí agus líonraí teileafóin, áiseanna ríomhphoist, córais bainistíochta faisnéise (CBF) agus áiseanna ríomhaireachta ginearálta don fhoireann agus do scoláirí. Bíonn áiseanna ríomhaireachta ar leith a bhaineann le ranna acadúla áirithe á mbainistiú ag teicneoirí áitiúla sna ranna sin.

Is iad na spriocanna straitéiseacha atá ag na Seirbhísí Ríomhaireachta ná:

- Áiseanna TE a shuiteáil agus a chothabháil.
- Na seirbhísí teagaisc TE a fheabhsú.
- Na bun-sheirbhísí riachtanacha i gcomhair bonneagair TE ITPL a chur ar fáil.
- Tacú le líonraí sonraí agus teileafóin na hInstitiúide.
- Tacú leis na córais lárnacha bainistíochta faisnéise (CBF).
- Spreagadh a thabhairt d'úsáid éifeachtach ríomhairí agus líonrú sna Ranna.
- An luach is fearr ar airgead a chaitear ar TE a chuardach.

I rith na bliana atá caite rinne na Seirbhísí Ríomhaireachta LAN gan sreang a chéimniú isteach in áit agus bhí ard-éileamh air i measc na scoláirí. Bíonn ríomhairí binne gcuid féin acu agus bíonn ceangal a dhéanamh acu leis an idirlíon. I rith na bliana freisin, rinne an Fhoireann CBF sna Seirbhísí Ríomhaireachta forbairt agus imdháileadh a dhéanamh ar:

- Torthaí scrúdaithe ar líne.
- Áis íocaíochta agus cláraithe ar líne.
- Cláir ama agus pleananna suíochán le haghaidh scrúdaithe a chur ar líne.
- Deimhniú/clárú ábhair staidéir ar líne.
- Suirbhé ÚAO ar líne d'iontrálaithe nua.

Seirbhísí Tacaíochta na Scoláirí

An Lárionad Gairmeacha

Is é misean an Lárionaid Ghairmeacha ná an ábaltacht a thabhairt do na scoláirí agus do na céimithe is déanaí bainistíocht cheart a dhéanamh ar a ngairmeacha (spriocanna réadúla a leagan síos, cinntí faoi ghairmeacha a dhéanamh ar bhonn faisnéise agus na scileanna is gá a bhailiú chun na spriocanna seo a bhaint amach) trí raon seirbhísí gairmiúla a thairiscint, cosúil le faisnéis faoi ghairmeacha, oideachas, comhairle agus treoir.

Tugann an Lárionad cúnamh d'fhostóirí a bhíonn ag earcú céimithe in ITPL agus téann siad i gcomhar le hacadúlaigh chun oideachais gairme agus forbartha a chothú laistigh den churaclam agus oibríonn siad le scoláirí agus nua-alumni ar iliomad slite chun éascú leis an dtiontú ón dtríú leibhéal go dtí an áit oibre nó go dtí tuilleadh staidéar.

I rith na mblianta acadúla 05/06 agus 06/07 bhí seisiúin comhairle duine-ar-dhuine idir scoláirí agus lucht an Lárionaid. Láimhseáladh gearr-fhiosrúcháin freisin ó scoláirí i rith na n-uaireanta oscailte, maille le ríomh-phost, treoir teileafóin le comhairleoir gairme agus rochtain ar chórais treorach ríomh-bhunaithe.

D'ofráil an Lárionad Gairmeacha na seirbhísí seo a leanas freisin do scoláirí, do chéimithe agus d'fhostóirí:

- Aonach na bhFostóirí - eagraítear é seo gach bliain i gcomhar le comhghleacaithe ó naoi bhforas ard-oideachais eile.
- Clár Caidrimh na bhFostóirí, nuair is cuid den phróiseas earcaíochta an chur-i-láthair agus na hagallaimh ar champas.
- Ceardlann Scileanna Bainistíochta Gairmeacha, ceardlanna aon-lae ar scileanna bainistíochta gairmeacha, a cuidíonn le scoláirí chun próiseas na pleanála gairme a úsáid ar mhodh eagartha.
- An Seomra/Leabharlann Faisnéise Gairmeacha, le faisnéis faoi ghairmeacha áirithe.
- Faisnéis faoi fholúntais, sin ríomh-nuachtlitir mhíosúil agus nuachtlitir chrua-chóipe le haghaidh scoláirí, bunachar de nua-fholúntais a athnuaitear ar láithreán gréasáin go rialta maille le heolairí faoi dheiseanna idirnáisiúnta.
- Láithreán Gairmeacha ar Ghreásán, tugann seo faisnéis ar an raon iomlán seirbhísí a sholáthraíonn an Lárionad ar nós cláir suimiúla faoi gairmeacha leictreonacha éagsúla, scileanna in-aistrithe, tástáil shiciméadrach agus a leithéid.

Seirbhísí ar Champas

Tá Seirbhísí ar Champas Teoranta freagrach as gach cineál trádála ar champas. Is é an aidhm atá acu ná na seirbhísí agus áiseanna (neamh-acadúla) is fearr a thabhairt do na scoláirí in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge. agus tá siad ag feidhmiú mar sin ar champas ITPL ó 1989 i leith. Tá borradh agus fás

An Lárionad Gairmeacha

Scoláirí na bliana deireanaí ag staidéar deiseanna gairme sa Rannóg Faisnéise Gairmeacha in áis scoth-chaighdeánach na hInstitiúide.

tagtha ar na seirbhísí agus ar na háiseanna ar chomhchéim le fás agus leathnú na hInstitiúide féin.

I rith an dá bhliain atá caite tá an fás seo a leanas tagtha ar na seirbhísí:

- Seirbhísí WITCard: Cárta Aitheantais, Fótachóipeáil agus Priontáil, Pointe Díolacháin, Meaisíní Díola, Rialú Rochtana, Lód-Luacha Gréasáin agus Ordú ar Líne.
- Bialanna: 'Hot House Bistró', Bialann an Ghealaraí, Caifé Oscair, Na Seomraí Tae, Bialann an Dóim, Ceaintín Shráid an Choláiste, Bialann Norco agus Caifé Taobh an Chnoic, Carraig an Úir.
- Miondhíol ar Champas: Spar ag an Tobar (ar Champas), Spar Sráidbhaile an Mhanóir, (as Campas), Siopa an Champais, An Pointe Leabhar, agus Siopa Éadaí Spóirt nua.
- Spórt agus Áineas: An tSraith Corp-acmhainne, An Halla Spóirt, agus Faiche gach Síon, Seomra na gCluichí agus Bear an Dóim.
- Iostas: Sráidbhaile an Mhanóir 1 agus 2 agus Achaidh an Choláiste.
- Seirbhísí Breise: Córais Iompair, Seirbhísí Rúnaíochta agus Deasc-Fhoilsiú, Láríonad Míochaine, Seirbhís Níocháin, Slándáil Bagáiste, comhdhálacha agus eagrú cóisirí galánta.

Clubanna agus Cumainn

Tá éagsúlacht bhreá clubanna spóirt agus caitheamh aimsire ag an Institiúid chun freastal ag scoláirí ar gach leibhéal páirtíochta ón bhfóillíocht go dtí barr bua na hiomaíochta. Bíonn ról lárnach á imirt ag na Clubanna agus na Cumainn i saol na hInstitiúide mar dheimhniú go mbíonn cúram iomlánaíoch á thabhairt do riachtanais na scoláirí. Tá stair iontach spóirt

agus caitheamh aimsire ag ITPL agus déantar os cionn 30 club spóirt agus thart faoi 25 cumann a chlárú in aghaidh na bliana.

Is é Club CLG ITPL an ceann is iomráití agus is rathúla. Bhuaigh na hiománaithe sa chlub sin Corn Mhic Ghibiúin seacht n-uaire, ag áireamh trí uair i rith na sé mbliana atá caite. I measc an spóirt eile a bhfuil ard-chéim bainte acu san Institiúid atá: Camógaíocht, Peil Ghaelach (d'fhir agus de mhná), Socar (Fir agus Mná), Rugbaí (Fir agus Mná), Luthchleasa agus Cispheil (Fir agus Mná). Tá an-tacaíocht freisin le haghaidh spórt eile cosúil le Cadhcáil, Badmantan, Snámh, Eachaíocht, Júdó, agus Seoltóireacht.

Tá ballraíocht an-láidir ag na clubanna seo agus bíonn an-rath orthu ag déanamh ionadaíocht don Institiúid i gcomórtais idir ollscoileanna. I measc na gcumann atá an-ghnóthach san Institiúid tá An Cumann Gnó, An Cumann Innealtóireachta, An Cumann Ailtireachta, An Cumann Dlí agus An Cumann um Chúram Sóisialta. Bíonn imeachtaí éagsúla á n-eagrú ag na cumainn go léir i gcaitheamh na bliana.

I measc na ngnóthachan móra a bhain Clubanna Spóirt ITPL amach idir 05-06 agus 06-07 rinne an Club Sinsir Iománaíochta Corn Mhic Ghibiúin agus Sraith-chomórtas Rannáin 1 a bhuachan sa bhliain 2006. Bhain an Club Lúthchleasa imeachtaí aonair agus foirne ag na Craobhchomórtais Laistigh agus Lasmuigh sna blianta 2006 agus 2007.
In 2007 bhain Club Rugbaí Fear na Céad Bliana Corn Uí Bhaoill don chéad uair i ndeich mbliana agus bhain Club Camógaíochta na Céad Bliana Sciath na Céad Bliana sa bhliain 2006. Bhain an Club Seoltóireachta torthaí thar barr amach ar imeachtaí éagsúla idir 2006 & 2007. Bhain Club Sacair na mBan Sraith-chomórtas Rannáin 1 agus corn-dhúbailt sa bhliain 2006 agus bhain Club Rugbaí na mBan an Blitz Uile-Éireann sa bhliain 2006 agus Sciath Uile-Éireann na Céad Bhliana sa bhliain 2007.

Tá ath-eagar curtha ar Chlár Scoláireachta Spóirt ITPL agus tá méadú tagtha ar líon na n-imreoirí barr feabhais atá ag tarraingt ar an Institiúid. Agus is deimhniú é sin go leanfaidh an Institiúid ag baint gnóthachan amach ar pháirc na himeartha san am atá le teacht.

An tIonad um Chúnamh, Rochtain, Coinneáil agus Teagasc (ICRCT)

Is é an príomh-ghnó atá ag an Ionad ná:

1. Cuidiú le scoláirí chun fanacht le ITPL trí chabhair a thabhairt dóibh chun slite éagsúla a aimsiú lena gcúrsaí a chríochnú.
2. An Institiúid a dhéanamh níos in-rochtana do dhaoine a mheasfadh, b'fhéidir roimhe seo, nach raibh an rogha acu dul i mbun oideachais tríú leibhéil.

Tá tionscnaimh ann chun é seo a bhaint amach ar nós:

- Tuilleadh tacaíochta i gcomhair foghlama
- Meantóireacht
- Scoil Shamhraidh le haghaidh Scoláirí Aibí
- Tionscnamh Rochtana ar nós An Clár Rochtana agus Tionscnamh na Mílaoise
- Tacaíocht do scoláirí le míchumas
- Fóirdheontas Leanaí: i gcúinsí áirithe tá cúnamh teoranta airgid ar fáil ag scoláirí a bhfuil páistí acu.
- Cúnamh díreach airgid: le haghaidh scoláirí atá i ngéar-phráinn.

Dámhachtain Phobail an Ath. Séan Ó Mórdha

Bhí an tAth. Seán Ó Mórdha ina shéiplíneach ar Choláiste Réigiúnach Teicneolaíochta Phort Láirge (mar a tugadh air an uair sin) nuair a fuair sé bás go tobann in aois a 31 sa bhliain 1971. Chruthaíodh an dhámhachtain seo chun a chuimhne a bhuanú agus mar chomhartha buíochais ar an saibhriú a rinne sé ar shaol na hInstitiúide. Tugtar an dhámhachtain seo don té a mheastar a rinne an tseirbhís is fearr do phobal na hInstitiuide ar bhealach éigin - ar mhodh sóisialach, pearsanta, áineasach, acadúil nó eagraíochtach. Sa phictiúr thuas tá Aisling O'Toole a fuair an dhámhachtain in 2005/2006 agus John Joe O'Farrell a fuair í sa bhliain 2006/2007.

Tréad-Chúram

Bhí béim an Tréad-Chúraim i rith na tréimhse na tuarascála ag díriú ar líonra de chúramóirí a chruthú san Institiúid. Bhí cuid mhaith de na scoláirí ag tabhairt cúraim do dhaoine eile atá ag roinnt na bliana céanna leo san Institiúid. Tá cuid mhór den fhoireann freisin sásta páirt chúramóra a ghlacadh ar iomad slite. Tá lion sonrach daoine, idir foireann agus scoláirí, gurr mian leo tacaíocht a thabhairt do leas iomlán an duine. Faigheann an fuinneamh deonach i dtreo a chúraim an fócas i gcomhair a léirithe a fhorbartha i dTréad-Chúram an tSéiplínigh.

I rith na tréimhse faoi chaibidil rinneadh naisc ábhartha faoi rún a chruthú idir an Tréad-Chúram agus seirbhísí lasmuigh den Institiúid. Tá naisc den chineál sin an-tábhachtach chun tacú le scoláirí a bhfuil fadhb nó imní áirithe orthu agus ina measc tá naisc le gardaí, le seirbhísí dlíthiúla agus le boird sláinte. Tá cumas an Tréad-Chúraim sínte amach anois chun páirt a thógáil i bpian, i rathúnas, agus i gceiliúradh san Instidiúid agus lasmuigh dí. Sa bhliain seo freisin shroich an tréad-chúram teaghlach agus baile an scoláire, an t-ospidéal, an chúirt agus cuairteanna eile, agus chuireadh eadráin ar fáil ar mhodh neamh-institiúideach gcás deacrachtaí a bhí ag scoláirí.

Oifig Margaíochta agus Caidrimh i gcomhair Scoileanna

Is é is cuspóir don Oifig Caidrimh agus Margaíochta na Scoileanna ná aird na n-ábhar scoláirí/iontrálaithe a tharraingt ar deiseanna an ard-oideachais, go háirithe in ITPL. Freisin, faisnéis go leor a thabhairt dóibh ar an gcúrsa atá tofa acu, ar an Institiúid agus na háiseanna atá inti ionas gur féidir leo rogha ar a dhéanamh bhonn eolais. Bíonn an oifig ag oibriú go dlúth le hOifig an Chláraitheora agus leis an mBainisteoir Margaíochta chun na haidhmeanna seo a bhaint amach.

Tá gach iarracht déanta ag Oifig Caidrimh agus Margaíocht na Scoileanna an sprioc seo a bhaint amach ó chéad-bhunaíodh í go luath sa bhliain 2003. Sa bhliain-scoile 2005/06 tugadh cuairteanna ar cheithre agus trí fichid scoileanna agus eagraíodh seisiúin faisnéise i gcomhair sprioc-ghrúpaí ar leith. Bhí ionadaíocht ag an Institiúid freisin ar chúig is fiche Taispeántas Gairmeacha agus ar imeachtaí a bhain le Roghanna Ard-Leibhéil. D'eagraíodh cuid mhór cuairteanna go dtí an campas chun deis a thabhairt do scoláirí na roghanna a bhí acu i gcomhair cúrsaí a scrúdú agus an saol sa choláiste a bhlaiseadh Lean an obair seo sa bhliain 2006/07. Tugadh cuairteanna ar ocht scoileanna agus trí fichid agus bhíothas i láthair ag seacht is fiche imeachtaí gairme. Tá baint ag an Oifig le coiste eagraithe an Lá Oscailte. Tharraing sin os cionn 2,500 ábhar scoláirí chuig an gcoláiste i Mí na Nollag 2006 agus os cionn 3,000 i Mí na Nollag 2007. Don chéad uair i Mí na Bealtaine 2007, d'eagraigh an ITPL Tráthnóna Oscailte i gcomhair Iarratasóirí LOI in éineacht lena dtuismitheoirí. D'éirigh thar barr le seo agus eagrófar arís é sa bhliain 2008.

Teacht le Chéile - Aibreán 2007

Lucht aon-ranga ó 1997 ag baint suilt as teacht le chéile tar éis 10 mbliana.

Craobhchomórtas Chorn Mhic Ghiobúin 2006

Gabhann ITPL Corn Mhic Ghiobúin tar éis dóibh an bua a fháil ar UCE sa chuiche craoibhe i bPáirc Uí Rinn i gCorcaigh (Márta 2006).

An Cumann Alumni

Seoladh Cumann Alumni ITPL sa bhliain 2003 agus is é is cuspóir leis ná teagmháil a choimeád idir na céimithe agus an Institiúid agus eatarthu féin i ndiaidh an bhronnta. Tugtar an bhallraíocht mar ghnás agus in aisce agus tugann sé fóram idéalach chun ceangail a choimeád leis an Institiúid i bhfad tar éis dóibh an chéim a fháil. Trí na meáin cumarsáid ar nós na hirise Alumni Matters agus E-Zine (nuachtlitir ríomhphoist), sroicheann an cumann os cionn 27,000 céimí ar bhonn réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tugtar nuacht do na chéimithe faoi fhorbairtí san Institiúid agus bíonn ailt faoi chéimithe sa bhaile agus i gcéin. Eagraíonn an Oifig ócáidí chuimhneacháin bhliana agus teacht le chéile freisin i gcomhair céimithe.

Tacaíocht don Fhoireann

Is iomaí gné a bhaineann le Bainistíocht Acmhainní Daonna (AD) na hInstitiúide cosúil le hearcú, roghnú, traenáil agus forbairt, caidreamh foirne, caidreamh tionsclaíoch, agus aoisliúntas. Tá roinnt polasaithe agus gnásanna nuálaíocha glactha ag an Institiúid chun gnéithe éagsúla AE a bhainistiú. Tá cuid díobh sin molta ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus i Reachtaíocht na Fostaíochta. Ar a shon san, rinne bainisteoirí áirithe san Institiúid féin roinnt polasaithe agus gnásanna a fhorbairt agus freisin trí phróisis na comh-chomhairle.

Bainisteoir Acmhainní Daonna : An tUas Neil O'Sullivan
Riarthóir AE na hOifige: Ms. Caroline Corcoran
Oifigeach um Shaoráil Faisnéise: Ms. Laura McGibney
Oifigeach Aoisliúntais: Ms. Catherine Shannon
Oifigeach um Fhorbairt Phearsanta Leanúnach: Ms. Roisin Shanahan
Oifigeach Earcaíochta: Ms. Paula Power
Oifigeach Caidrimh Foirne: Ms. Ruth Henebry
Cúntóir Earcaíochta: Ms. Nicola Courtney

Cuspóirí Acmhainní Daonna

Cuideoidh Acmhainní Daonna leis an Institiúid a gcuid struchtúr, téarmaí oibre agus coinníollacha a athrú nuair is gá, trí chomhaontú leis an bhfoireann agus a n-ionadaithe ag teacht le cibé athruithe is gá chun stádas Ollscoile a bhaint amach. Is iad na príomh-tosaíochtaí straitéiseacha atá ag Acmhainní Daonna ná:

- Forbairt phearsanta agus ghairmiúil na foirne a éascú.
- Cuidiú le barr feabhais i dteagasc, i bhfoghlaim agus i dtaighde a bhaint amach.
- An Cháilíocht san eagraíocht agus ina n-imeachtaí go léir a ardú.
- Cur le clár athraithe bainistíochta agus cumarsáide.
- Cuidiú le cruthú post agus struchtúr nua sa Choláiste.
- Páirt lárnach a thógáil i bpróiseas na haighneachta le haghaidh stádais Ollscoile.

Tionscnaimh Traenála agus Forbartha na nAcmhainní Daonna

Tá os cionn 1,000 fostaithe go díreach ag an Institiúid anois agus 300 go neamhdhíreach trí chuideachtaí a sholáthraíonn raon lean seirbhísí tacaíochta do scolairí. cur i gcás iostas, cóiriú bia agus rúnaíocht. Is í an Institiúid an tríú fostóir is mó i bPort Láirge agus tá sé géar-riachtanach go leanfaidh an Institiúid ag forbairt na straitéise AE atá aici chun an fhoireann is fearr a tharraingt chuici féin i ngach disciplín. Ní foláir an fhoireann sin a chothú le traenáil nuálaíoch, le cláir forbartha agus le tacaithe agus fós iad a choinneáil trí luach saothar den scoth, le haitheantas agus le tionscnaimh dírithe ar leas na bhfostaithe. Is iad seo a leanas na cláir traenála agus forbartha is tábhachtaí a sholáthraíonn Acmhainní Daonna:

- Córas Forbartha um Bhainistiú Feidhmíochta CFBF.
- Chas an tOllamh George Gordan le grúpaí fócais ón bhfoireann i Meitheamh agus i D. Fómhair 2006, d'fhonn na breithniúcháin maidir le Plean Traenála agus Forbartha Foirne a threorú.
- Tacaíocht d'Ard-Cháilíochtaí.
- Scileanna Léachtóireachta.
- Traenáil Bhainistíochta.
- Scileanna Cumarsáide sa Seomra Ranga.
- CETR - Access, Powerpoint, Excel, ó Bhun go Meán-Leibhéal.
- Aiseolas a thabhairt do scolairí.
- Tús eolais ar theoiric na hIleirime.
- Oideachas agus Iléirímí.
- Scileanna forbartha an duine.
- Oideolaíocht phraiticiúil, Measúnú agus Táscairí Údaráis Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (ÚNCÉ).
- Aird a dhíriú ar Mhíchumas.
- Cultúr agus Éagsúlacht - Frith-Chiníochas.
- Bainistíocht Ghairme agus Cur chun Cinn Inmheánach.
- Traenáil Inmheánach - ESS travel, Banextra agus Groupwise.
- Oideachas agus Iléirímí
- MAP.
- Maoirseacht Iarchéime.
- Conas Blaganna a úsáid.

Foireann ag dul ar Scor

Oibríonn Acmhainní Daonna i gcomhar le ceardchumainn agus ionadaithe na foirne lena dheimhniú go mbíonn an cleachtas is fearr i ngach caidreamh le fostaithe agus le ceardchumainn. I rith tréimhse na tuarascála thug Acmhainní Daonna aitheantas don tseirbhís atá tugtha ag an bhfoireann atá ar scor agus leanfar á dhéanamh sin. Go deimhin, cothófar agus cuirfear fás le Cumann na Foirne ar Scor agus déanfar naisc, ócáidí agus seirbhísí a sholáthar don fhoireann sin mar chomhartha aitheantais don pháirt atá glactha acu.

Beirt sa Scoil Gnó ag dul ar scor

Peadar agus Mary Mulligan, léachtóirí i Roinn na Cuntasaíochta agus Eacnamaíochta, ITPL, ag an gComhcheiliúradh roimh dhul ar scor dóibh.

Gnóthaí Idirnáisiúnta

Limistéar láidir fáis is ea an t-Idirnáisiúnú, agus is ceann de na spriocanna é i bplean straitéiseach na hInstitiúide. Is comhpháirt é d'fheidhmiú na forbartha in ITPL.

Ceann ar Fhorbairt (Idirnáisiúnta): An Dr Venie Martin

Bainisteoir Idirnáisiúnta: Ms Sinead Cooke

Caidreamh Acadúil Idirnáisiúnta: An tUas Brian McNamara

Comhordaitheoir don tSín agus don Áis Thoir Theas:
Ms Helen Kang

Riarthóirí:
Ms Sonya Walsh
Ms Fiona Purcell

Ní raibh ach céad scoláire malartacha Erasmus sa bhliain 2001, ach anois tá líon na scoláirí idirnáisiúnta san institiúid tar éis fáis go dtí 700 beagnach sa bhliain 2007. Tá 17 catagóir sa mhéid sin - mar shampla scoláirí ó thar lear atá ag íoc na táille iomláine , scoláirí ar mhalartú, scoláirí a chaitheann bliain thar lear, dídeanaigh agus clann oibrithe imirceacha. Tagann siad ó 66 tír dhifriúil - tagann na grúpaí is líonmhaire ón tSín, ón Ind, ón bPacastáin, ón Nigéir agus ón AE.

Cé gurb í an earcaíocht atá mar phríomh-fhócas ag an Oifig Idirnáisiúnta, tá líonra mór de comhpháirtithe forbartha ag an Institiúid le hOllscoileanna ar fud an domhain. Bhí na comhpháirtíochtaí ba ghníomhaí go dtí seo i Nanjing agus i Luoyang na Síne, áit a bhfuil socrú aontaithe maidir le cúrsaí staidéir a sheachadadh thar toinn agus táthar chun tosú ar chlárú na scoláirí seo sa bhliain 2007.

Sa tréimhse seo tá an Institiúid tar éis í féin a chruthú mar cheann de na hOllscoileanna is rathúla in Éirinn maidir le scoláirí a earcú ó thar lear. Is í an fhoireann dhíograsach mhargaíochta atá againn is chionn tsiocair le sin agus leis an gclú atá tuillte ag an Institiúid thar lear. Tá an clú seo bunaithe ar

Tugann scoláirí ó Ollscoil na Puinseaibe Láir cuairt ar Chaisleán Chill Chainnigh

chaighdeán ard na gcúrsaí, ar an aitheantas a thugtar do na dámhachtainí agus, thar rud ar bith, ar an dtacaíocht dhaingean a thugtar do na scoláirí in ITPL. Eagraíonn an Oifig Idirnáisiúnta ionduchtú, ranganna Béarla, turais agus imeachtaí sóisialta agus gníomhaíonn siad mar abhcóidí do scoláirí má bhíonn deacrachtaí acu.

I measc na margaí nua atá forbartha i rith tréimhse na tuarascála seo tá an Araib Shádach, an Chasacstáin, an Téalainn agus Meiriceá Laidineach (Meicsiceo agus an Bhrasaíl).
Toradh amháin a tháinig as an idirnáisiúnú san Institiúid ba ea an ghluaiseacht nua thar lear a chuireadh faoin bhfoireann agus faoi na scoláirí. Cur i gcás chruthaíodh cúrsaí nua sa Ghnó Idirnáisiúnta a thugann ar scoláirí áiteanna a ghlacadh in oibreacha thar lear. I rith tréimhse na tuarascála seo thug os cionn 30 ball den fhoireann cuairteanna ar cheithre thíortha déag. Cuireann an ghluaiseacht seo le tuiscint an duine ar chultúir eile agus de bharr na foghlama seo feabhsaítear an curaclam le haghaidh na scoláirí go léir.

Beirt scoláire Téalannacha, Thepsada Julsam-Amy agus Pennepa Wuttimanqs, a bhí i measc na ndaoine a fuair droch-íde de bharr tubaiste an tsúnámaí san Áis Thoir Theas, sa phictiúr anseo agus scoláireacht bhliana á dhámhachtain orthu ag ITPL, chun ligean dóibh leanúint dá gcuid staidéir in Éirinn (Deireadh Fómhair, 2005)

Taighde

Tá sé mar fhreagracht ar an Oifig Taighde agus Nuálaíochta bonneagar tacaíochta a chur síos a chuir-feadh gluaiseacht faoi fhealsúnacht na hInstitiúide i dtreo imshaoil thaighde agus nuálaíochta, imshaol a dhéanfaidh an taighde, an staidéar iarchéime, an tionscal agus an fhiontraíocht a chomh-áitiú le chéile, ionas go gcruthófaí éiceachóras úr taighde agus nuálaíochta i gcomhair eacnamaíocht an eolais.

Ceann ar Thaighde agus Nuálaíochta: an Dr. Willie Donnelly

Bainisteoir ar Sheirbhísí Tionscail: Ms. Kathryn Kiely

Bainisteoir Tionscal: Ms. Susie Cullinane

Bainisteoir Aistrithe Teicneolaíochta: an tUas. Michael Whelan

Bainisteoir, Lárionad Nuálaíochta: an tUas. Tom Corcoran

Oifigeach Foirne: Ms. Eimear Cheasty

Riarthóirí:
Ms. Philomena Carton
Ms. Mary Fearon
Ms. Niamh Sullivan
Ms. Rita Dalton

Misean Taighde na hInstitiúide

Is é an misean taighde atá ag an Institiúid ná cur le leas eacnamaíoch agus cultúrtha an náisiúin agus an réigiúin trí mheán na taighde ar an leibhéal idirnáisiúnta is airde. Cothóidh ard-chaighdeán ár dtaighde agus ár scoláireacht in ITPL an t-imshaol foghlama, bunaithe ar fhaisnéis ón dtaighde, ar leibhéal na céime agus na hiarchéime. Tá an Institiúid faoi ghealltanas an t-eolas a chruthaítear trí phróiseas na taighde a aistriú ar mhaithe le leas coiteann na sochaí agus go háirithe ar mhaithe le forbairt sa réigiúin. Tacóidh seo le cruthú Ollscoile an Oirdheiscirt.

Foras Ard-Oideachais (FAO) bunaithe, dinimiciúil is ea Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge a bhfuil clú na nuálaíochta agus na cinnireachta air. Bíonn an taighde á tiomáint san Institiúid ag meon na nuálaíochta agus an ghealltanais agus is í an mheon seo a thiomáin na forbairtí acadúla go léir ó bhunaíodh an Institiúid an chéad lá.

Tá comhluadar éifeachtach taighde cruthaithe ag an Institiúid i mbeagán ama. Is é an spreagadh atá taobh thiar d'fhorbairt na taighde ná an áit speisialta atá ag an Institiúid mar chatalaíoch le haghaidh forbartha eacnamaíochta sa réigiún. Freisin, na héilimh a thagann ón bhfoireann chun dul i mbun taighde ar an gcaighdeán is airde idirnáisiúnta agus na éilimh a thagann ónár gcéimithe ar oideachas ar an gceathrú leibhéal.

Tá fás mór tagtha ar leibhéal agus ar cháilíocht na taighde a dhéantar san Institiúid mar thoradh ar an gcur chuige straitéiseach atá i bhfeidhm agus atá dírithe ar fhorbairt na taighde san Institiúid. Tá cumas na taighde neartaithe san Institiúid go dtí 300 taighdeoirí sa bhfoireann, 145 scoláirí cláraithe i gcomhair iarchéimeanna taighde agus maoiniú faofa i gcomhair taighde de €10.6m. sa bhliain. Tá maoiniú faighte ag ITPL ó na mór-chláir taighde, náisiúnta agus idirnáisiúnta cosúil le ÚAO CTFTL, Fundúireacht Eolaíochta Éireann agus ó Chlár Frámaíochta an AE. Tá aghaidh ar an dtaobh amuigh ag an Straitéis Taighde agus tá comhaontaithe taighde straitéiseacha le leathchéad institiúid taighde san Eoraip, san Áis agus i dtíortha Meiriceánacha. Tá comhpháirtithe láidre déanta le hInstitiúidí eile in Éirinn. Baintear buntáiste freisin as na naisc láidre idirnáisiúnta le forais cosúil le hOllscoil Náisiúnta Singeapóir, an Ollscoil Theicniúil i Nanyang agus Acadamh na hEolaíochta, Beijing.

Catagóir	2005 -2006	2006 -2007
Foireann Acadúil Gníomhach sa Taighde	184	200
Taighdeoirí Iar-dhochtúireachta	11	12
Cúntóirí Taighde	21	35
Scoláirí Taighde Iarchéime	127	160
Taighdeoirí/Forbairteoirí Sinsir Gairmiúla	18	18
Taidhdeoirí/Forbairteoirí Gairmiúla	35	35
Iomlán	396	460

Sa tsuirbhé a rinne Forfás ar Thaighde agus Forbairt in earnáil an ard-oideachais 2004 glacadh leis na himeachtaí seo a leanas chun chríche an tsuirbhé: taighde phearsanta; taighde foirne; tograí faoi thaighde scríbh-neoireachta; tuarascálacha faoi thaighde scríbhneoireachta; maoirseacht ar scoláirí PhD; taighde eile bunaithe ar riarachán agus pleanáil; Foinse: Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) ar an ábhar Cleachtas Togartha Caighdeánach i gcomhair Suirbhéanna agus Forbartha Turgnamhaí, "Frascatí Manual 2002".

Ard-Scoláirí 2006/2007

Ard-Scoláirí ó chlé go deas: David Madigan, Mary, Lawless, Breda Veale Jennifer Cuningham, Uta Husfeld

Aithnítear freisin an tábhacht a bhaineann le hAistriú an Eolais mar uirlis forbartha eacnamaíochta trí pháirtíocht idir an tionscal agus gníomhaireachtaí rialtais sa chlár taighde. Is léiriú é seo ar fhealsúnacht na hInstitiúide gur eacnamaíocht oscailte atá againn in Éirinn agus go gcaithfear na hacmhainní a chomhtháthú ar bhonn náisiúnta agus ár gcumas a úsáid chun buntáiste a bhaint as comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta ar mhaithe le leas eacnamaíochta na tíre. Is teimpléid í seo i gcomhair forbairt leanúnach a dhéanamh ar an mbonn taighde atá againn san ITPL.

An Fás in Imeachtaí Taighde

Léiríonn an tábla thíos an fás in imeachtaí taighde sna blianta acadúla 2005/2006 agus 2006/2007, ag an bhFoireann Gníomhach sa Taighde agus ag Scoláirí Iarchéime san Institiuid. Áirítear freisin ann roinnt foireann lánaimseartha atá ag taighde faoi chonradh agus a bhfuil PhD (iar-dhochtúireacht) faighte acu agus foireann a fuair céim mháistreachta (cúntóirí taighde).

De bharr na Straitéise Taighde atá i bhfeidhm ag an Institiúid tá fás sonrach tagtha ar na catagóirí go léir a ndearnadh cuntas orthu. Tá 50% den bhfoireann acadúil atá ag ITPL gafa anois go gníomhach le taighde. Dhá mhéadú thábhachtacha eile is ea an líon de scoláirí iarchéime, atá fásta ó 67 go dtí 160 agus an líon de thaighdeoirí iar-dhochtúireachta atá méadaithe ó 3 go dtí 12. Gné lárnach sa mhéadú i líon na scoláirí iarchéime is ea an méadú atá tagtha ar na scoláirí a fhaigheann maoiniú trí thionscadail taighde (50%) agus ag an gcéatadán a théann ar aghaidh ó leibhéal na máistreachta go leibhéal an PhD (80%). Tá cóimheas sláintiúil idir scoláirí taighde agus maoirseoirí .i. duine ar dhuine.

Fás sa Mhaoiniú i gcomhair Taighde

Is miosúr tábhachtach i bhfás na taighde ard-chaighdeánaí an cumas a bheith ag lucht taighde dul san iomaíocht i gcomhair maoiniú taighde go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Tá córas tacaíochta foirne agus dearbhaithe cáilíochta cruthaithe ag Oifig na Taighde lena dheimhniú go mbíonn gach togra i gcomhair a dhéantar ar an gcaighdeán is airde amuigh. De thoradh ar seo tá méadú mór tagtha ar an maoiniú i gcomhair taighde, ó €6.3m sa bhliain 2003 go dtí an €10.2m. a dámhadh sa bhliain 2007.
I rith tréimhse na tuarascála tá maoiniú faighte ag an Institiúid ó na mhór-ghníomhaireachtaí maoinithe náisiúnta go léir (FEÉ, ÚAO, CTFTL, an Bord Taighde Sláinte, agus Fiontraíocht Éireann) agus ón Fhrámaíocht Eorpach, Clár 6 (FP6) agus anois ó Chlár 7 (FP7). Bhí tábhacht ar leith ag baint le maoiniú ÚAO CTFTL Timthriall 3 mar gheall ar an scar caipitiúil de a mhaoinigh spás tiomnaithe taighde ar champas nua Charraig an Úir. Chuir an maoiniú taighde a thosaíodh faoin gclár seo ar chumas an Ghrúpa Bogearraí & Córas na Teileachumarsáide (GBCT) iad féin a chur san áit cheart ionas gur éirigh leo maoiniú a fháil ó FEÉ sa bhliain 2005.

Maoiniú Taighde Seachtrach a fuarthas de réir na bliana Meán Fómhair 2001 - Lúnasa 2007



Foilseacháin Eolaíochtúla

Sprioc-mhéadrach an-tábhachtach is ea an líon agus an caighdeán d'fhoilseacháin d'athbhreithnithe piaraí a thagann amach in aghaidh na bliana. Rinne an Institiúid 200 foilseachán d'athbhreithnithe piaraí don tréimhse idir 1999 agus 2003 a chomhaireamh. Ba é an uimhir iomlán le haghaidh 2006 ná 316 ag áireamh caibidle i leabhair agus foilseacháin irisí agus comhdhálacha. Is méadú sonrach é seo agus is cóimheas maith é ar chaighdeán na taighde a dhéantar san Institiúid. Is í an straitéis a bhéas ann as seo amach ná leanúint de chur le líon na bhfoilseachán agus díriú ar irisí ard-tionchair agus ar chomhdhálacha.

Comhoibriú sa Taighde, Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

Ó thosaigh an Institiúid ag déanamh taighde don chéad uair tá comhar-naisc láidre coinnithe ag an Institiúid le grúpaí taighde in Ollscoileanna na hÉireann agus leis an hInstitiúidí Teicneolaíochta. I rith tréimhse na tuarascála tá comhar-thionscadail curtha i gcrích ag grúpaí san Institiúid le grúpaí i gColáiste na Tríonóide, Coláiste na hOllscoile BÁC, Ollscoil Chathrach Átha Cliath, Ollscoil Luimnigh, ONÉ Maigh Nuat, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (ITC), Coláiste Ollscoile Chorcaí (COC), Ollscoil na hÉireann Gaillimh agus Ollscoil na Ríona Béal Feirste. Tá an Institiúid tar éis cur go mór le líon na gcomhoibrithe straitéiseacha le forais ceannasacha idirnáisiúnta. Bhí leathchéad comhoibriú oifigiúil ar fad. Áirithe i measc na gcomhoibrithe seo bhí aíocht a thabhairt d'fhoireann shinsearach taighde ag institiúidí faoi seach. Ba iad na príomh-institiuidí a ghlac páirt sa chomhoibriú i tréimhsí an athbhreithnithe ná COC agus ITC (Éire), CIT, FhG, FOKUS (an Ghearmáin), Ollscoil Náisiúnta Singeapóir, NTU (Singapór), Ollscoil

Evry (an Fhrainc), Ollscoil Cuimhneacháin Thalamh an Éisc (Ceanada), Institiúid na Ceimice, Beijing (an tSín) agus an Institiúid Teicneolaíochta, Georgia, (SAM).

Cruthú Shealúchais Intleachtaigh (SI) agus Aistriú an Eolais

Tá sain-mhodúl Aistrithe Eolais agus Nuálaíochta cruthaithe ag an Institiúid bunaithe ar chomhtháthú na taighde, na fiontraíochta agus Tionscnaimh Gnó Ard-Acmhainne (TGAA) ag an Lárionad Taighde agus Nuálaíochta Arclabs ar an gCampas Thiar. D'osclaíodh an Lárionad Taighde agus Nuálaíochta Arclabs sa bhliain 2005. Tá sé faoi urraíocht ag Clár CTFTL Timthriall 3, ag Fiontraíocht Éireann agus ag tionscal príobháideach agus tá imshaol uathúil curtha ar fáil ann le haghaidh nuálaíochta agus an tráchtáil trí chomh-áitiú na taighde agus na himeachta tráchtála le chéile. Tá Arclabs ag feidhmiú mar phointe lárnach chun infheistíocht a mhealladh isteach ón dtaobh amuigh agus is spreagadh é chun tionscail dhúchasach, bunaithe ar an eolas, a chruthú. Ionchorpraíonn Arclabs:

- An Lárionad Goir, faoi láthair ag tacú le 12 fhiontair ag tosú, seach-thairbhí as ITPL dhá cheann díobh sin.
- Clár Ardán Fiontraíochta an Oirdheiscirt (CAFOD) a bhfuil tacaíocht tugtha acu do 119 fiontraí go dtí inniu.
- Scoil Lárionaid Gnó le haghaidh Fiontraíochta Gnó, ITPL.
- An Oifig Caidrimh Tionscail.
- An Grúpa Bogearraí agus Córas na Teileachumarsáide (GBCT).
- An Lárionad um Sheirbhísí Cumarsáide SI Coinbhéirsithe (3CS).

A key component of the model is the Institutes Commercialisation of Research process which is designed to ensure that funding for commercialisation and marketing are made available while ensuring that researchers have continued access to research funding. In particular TSSG currently has 19 active commercially oriented research projects funded though Enterprise Ireland's, Proof of Concept, Advanced Technology Development, Innovation Partnership and Applied Research Enhancement Programmes valued in excess of €5.6m. It has to date founded 2 campus companies Aceno and Nubiq (spin-outs), demonstrated products in international trade fairs such as 3GSM and has also transferred technology directly into two other start up enterprises (spin-ins) - Waterford Technologies and Hash 6. This approach has directly supported the increased level of entrepreneurship and new HPSU start-ups in the region.

Gnóthachain de bharr Taighde

Rinneadh anailís ar thoradh na straitéise taighde (2006-2010) atá ag an Institiúid agus léiríodh go bhfuil méadú mór ar cháilíocht agus ar réimse na taighde. Is féidir na gnóthachain is sonraí a achoimriú mar seo a leanas:

1. De bharr an sprioc-infheistíocht atá déanta ag an Institiúid tá líon na foirne atá ag gabháil den taighde méadaithe agus tá cumas níos fearr ag an bhfoireann chun maoiniú a fháil ón dtaobh amuigh.
2. Bhíothas i n-ann maoiniú a fháil ar an leibhéal is airde, náisiúnta agus idirnáisúnta, ag áireamh ÚOA CTFTL, Fundúireacht Eolaíochta Éireann, Clár Frámaíochta na hEorpa agus mar gheall ar sin rinneadh an maoiniú i gcomhair taighde a dhúbailt go dtí €10.6m. sa bhliain 2006.
3. Méadú sa chomhoibriú ag grúpaí taighde le hollscoileanna taighde idirnáisiúnta den ghrád is airde.
4. Tá formhór na scoláirí iarchéime ag dul ar aghaidh le PhD a déanamh murab ionann agus 2003 nuair a bhí a bhformhór ag clárú le haghaidh máistreachtaí.
5. Cumas níos fearr chun sealúchais intleachtaigh (SI) a ghiniúint chun tairbhe na heacnamaíochta náisiúnta mar a léiríodh nuair a chruthaíodh dhá dheontas ó Fhiontraíocht Éireann i gcomhair Ionaid um Fheabhsú na Taighde Feidhmí agus freisin an fás mór a tháinig i ndeontais chun cabhrú le tráchtálú an SI. Táscaire an-mhaith ba ea an méad deontas a íoc Fíontraíocht Éireann as ucht SI a dhúshaothrú. Fuair ITPL 20 i dTeicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC). Coláiste na Tríonóide a fuair an uimhir is airde le 23.
6. Dámhachtain Caipitil faoi CTFTL a chur ar chumas na hInstitiúide an chéad Fhoirgneamh Taighde agus Nuálaíochta a bhunú ar an gcampas nua 190 acra thiar.

Dámhachtain Barr Feabhais don Fhoireann

Dámhachtain Barr Feabhais don Fhoireann, ó bharr go bun: Ms Peggy Caffrey, Buaiteoir Barr Feabhais Teagaisc - Buaiteoir Barr Feabhais mar Mhaoirseoir Taighde An Dr Peter McLoughlin.

Aguisín 1: Próifíl na Scoláirí

Iontráil Scoláirí Lánaimseartha - Céime & Iarchéime de réir Scoile

Scoil	2005/06		Iomlán	2006/07		Iomlán
	Fochéime	Iarchéime*		Fochéime	Iarchéime	
Scoil Gnó	1,497	114	1,611	1,366	108	1,474
Scoil Innealtóireachta	1,266	26	1,292	1,225	17	1,242
Scoil Oideachais	43	1	44	54	2	56
Scoil Daonnachtaí	1,645	22	1,667	1,721	27	1,748
Scoil Eolaíochta	615	43	658	640	62	702
Scoil Sláinte	1,003	24	1,027	1,022	33	1,055
Eile (Socrates)	126		126	128		128
Iomlán	6,195	230	6,425	6,156	249	6,405

Iontráil Lánaimseartha Scoláirí de réir Roinne

Department	2005/06	2006/07
Cuntasíocht agus Eacnamaíocht	693	509
Bainistíocht & Eagraíocht	918	855
Staidéar Gnó Iarchéime		110
Ailtireacht (Roinn nua)	322	308
Foirgniocht agus Innealtóireacht Shibhialta	517	472
Teicneolaíocht Innealtóireachta	253	254
Staidéar Tráchtála *	200	208
Eolaíochtaí Ceimice & Beatha	319	364
Fisiceach & Cainníochtúil	339	338
Ealaíona Feidhmeacha	1,173	1,209
Ealaíona (Cruth.& Taibh.) (Roinn Nua)	230	226
Teangacha & Turasóireacht	264	313
Altranas	446	427
Eolaíocht na Sláinte, Spóirt & Aclaíochta (Nua) Department)	581	628
Scoil Oideachais (Bonnchúrsa)	44	56
Socrates & Eile	126	128
Iomlán	6,425	6,405

** Staidéar Tráchtála; Tosaíonn iontráil printíseach in Eanáir, Aibreán, Meán Fómhair. Ní áirítear ach Meán Fómhair amháin sna staitisticí seo a thógtar i dtosach na bliana acadúla.*

Aguisín 2: Ráitis Cuimsithe Airgeadais

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar gcríoch 31ú Lúnasa 2006

	2006 €'000s	2005 €'000s
IONCAM		
Deontas Stáit	34,501	31,329
Táille Cláraithe Scoláirí	4,191	4,126
Cuntas Faoisimh ó Chaipiteal	3,356	3,444
Táillí Teagaisc	13,764	12,515
Taighde, Comhairleacht agus Forbairt	9,413	9,854
Ioncam Mhaoiniú Tacaíochta Scoláirí, aitheanta	366	420
Ioncam ó Ús	154	115
Ioncam Eile	3,991	6,458
	69,736	**68,261**
CAITEACHAS		
Ranna Acadúla	38,362	33,572
Seirbhísí Acadúla	3,035	2,495
Áitribh	4,360	3,964
Riarachán agus Seirbhísí Láir	8,715	7,198
Speansas Ginearálta Oideachasúla	977	1,025
Áiseanna & Saoráidí Scoláirí	2,387	2,290
Taighde, Comhairleacht & Forbairt	9,938	9,490
Ioncam Mhaoiniú Tacaíochta Scoláirí, feidhmithe	366	420
Dímheas	3,356	3,444
	71,496	**63,898**
BARRACHAS OIBRIÚCHÁIN / (EASNAMH)	(1,760)	4,363
BARRACHAS CARNTHA / (EASNAMH) AG TOSACH NA BLIANA	5,283	920
BARRACHAS CARNTHA / (EASNAMH) AG DEIREADH NA BLIANA	3,523	5,283

Aguisín 2: Ráitis Cuimsithe Airgeadais
(ar lean.)

Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31ú Lúnasa 2006

	2006 €'000s	2005 €'000s
Socmhainní Seasta		
Sócmhainní Inláimhsithe	96,767	88,389
	96,767	**88,389**
Sócmhainní Reatha		
Féichiúnaithe	9,023	9,511
Airgead tirim ar láimh & sa bhanc	3,033	6,096
	12,056	**15,607**
FIACHAIS REATHA		
CREIDIÚNAITHE - Suimeanna dlite faoi bhliain amháin	8,533	10,324
GLAN-SHÓCMHAINNÍ REATHA	3,523	5,283
GLAN-SHÓCMHAINNÍ	**100,290**	**93,672**
Arna Léiriú faoi :		
CÚLCHISTÍ		
Cuntas Caipitil	96,767	88,389
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	3,523	5,283
	100,290	**93,672**

Déantar gach gnóthachan agus gach caiteachas a aithint sa Chuntas Ioncaim agus Chaiteachais.
Cuid de na Ráitis Airgeadais is ea an Ráiteas um Pholasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas um Shreabhú Airgid Thirim agus na Nótaí 1-24.
Sínithe thar cheann an Chomhlachta Rialaithe

Aguisín 2: Ráitis Cuimsithe Airgeadais
(ar lean.)

Cuntas Ioncaim & Caiteachais don bhliain dar gcríoch 31 Lúnasa 2007

	2007 €'000s	2006 €'000s
IONCAM		
Deontas Stáit	39,031	34,501
Táille Cláraithe Scoláirí	4,357	4,191
Cuntas Faoisimh ó Chaipiteal	3,371	3,356
Táillí Teagaisc	14,937	13,764
Taighde, Comhairleacht agus Forbairt	12,284	9,413
Ioncam aitheanta ó Mhaoiniú Tacaíochta Scoláirí	426	366
Ioncam ó Ús	136	154
Ioncam Eile	5,430	3,991
	79,972	**69,736**
CAITEACHAS		
Ranna Acadúla	42,701	38,362
Seirbhísí Acadúla	3,194	3,035
Áitribh	4,640	4,360
Riarachán & Seirbhísí Lárnacha	9,848	8,715
Speansais Ginearálta Oideachasúla	1,127	977
Áiseanna agus Saoráidí Scoláirí	2,381	2,387
Taighde, Comhairleacht agus Forbairt	12,708	9,938
Ioncam feidhmithe ó Mhaoiniú Tacaíochta	426	366
Dímheas	3,371	3,356
	80,396	**71,496**
BARRACHAS OIBRIÚCHÁIN / (EASNAMH)	(424)	(1,760)
BARRACHAS CARNTHA / (EASNAMH) AG TOSACH NA BLIANA	3,523	5,283
BARRACHAS CARNTHA / (EASNAMH) AG DEIREADH NA BLIANA	3,099	3,523

Aguisín 2: Ráitis Cuimsithe Airgeadais
(ar lean.)

Clár Comhardaithe mar a bhí ar 3ú Lúnasa 2007

	2007 €'000s	2006 €'000s
SÓCMHAINNÍ SEASTA		
Sócmhainní Inláimhsithe	106,953	96,767
	106,953	**96,767**
SÓCMHAINNÍ REATHA		
Féichiúnaithe	9,604	9,023
Airgead Tirim sa Bhanc agus ar Láimh	5,888	3,033
	15,492	**12,056**
DLITEANAIS REATHA		
CREIDIÚNAITHE - Suimeanna dlite faoi bhliain amháin	12,393	8,533
GLAN-SHÓCMHAINNÍ REATHA	3,099	3,523
GLAN-SHÓCMHAINNÍ	110,052	100,290
Arna léiriú faoi:		
CÚLCHISTÍ		
Cúntas Caipitil	106,955	96,767
Cuntas Ioncaim & Caiteachais	3,099	3,523
	110,052	**100,290**

Déantar gach gnóthachan agus gach caiteachas a aithint sa Chuntas Ioncaim agus Chaiteachais.

Cuid de na Ráitis Airgeadais is ea an Ráiteas um Pholasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas um Shreabhú Airgid Thirim agus na Nótaí 1-24.

Sínithe thar cheann an Chomhlachta Rialaithe

Aguisín 3: Ceapacháin & Scoir

CEAPACHÁIN

Bainistíocht

Jean Curran - Riarachán Acadúil agus Bainisteoir Gnóthaí Scoláirí
Denis Harriginton - Ceann Roinne (CR)
Gnó Céimithe
Máire Henry - CR Ailtireacht
Teresa Hurley - CR Eolaíocht Sláinte & Aclaíochta
Victor Merriman - CR Ealaíona Cruthaitheacha & Taibh-Ealaíona
Helen Murphy - Bainisteoir Tionscail ÁNLA
Derek O'Byrne - Ceann ar Phleanáil Straitéiseach
Noelle O'Connor - CR Teangacha & Turasóireacht
Neil Quinlan - Bainisteoir Cáilíochta
John Wells - CR Altranas

Acadúil

Ken Deevy - Léachtóir Sinsearach 1
Catherine O'Reilly - Léachtóir Sinsearach 1
Larry Stapleton - Léachtóir Sinsearach 1
Juergen Bauer - Léachtóir Ailtireachta
Miriam Farrell - Léachtóir in Altranas Siciatrach
Frances Finn - Léachtóir in Altranas Ginearálta
Paula Lane - Léachtóir in Altranas Ginearálta
John Houlihan - Léachtóir Fisice
Michael Breen - Léachtóir Cúnta (LC) Ceimic
Donagh Davern - LC Bainistíocht Fáilteachais
Jacqui Duggan - LC Staidéar Sóisialta Feidhmeach
Gordon Chisholm - LC Ailtireacht/Teicneolaíocht Ailtireachta Austin Coffey - LC Innealtóireacht Meicniúil/Monaraíochta
Janice Fitzpatrick Simmons - LC Cumarsáid
Olivia Freyne - LC Turasóireacht
Martina Gooney - LC Eolaíocht an Bhia/Teicneolaíocht an Phróisis
Ray Griffin - LC Bainistíocht/Bainistíocht Straitéiseach
Lorraine Halpin - LC Cian-Fhoghlaim i Litearthacht d'Aosaigh
Audrey Hearne - LC Eolaíochtaí Ceimice & Beatha
Claire Keaveney - LC Ceimic Orgánach
Marie C. King - LC Teicneolaíocht an Cheoil
Collette Kirwan - LC Cuntasaíocht
Claire Leon - LC Dlí
Catherine McCarthy - LC Dráma
Anthony Neil McGory - LC Teicneolaíocht an Eolais/ríomh-Tráchtáil
Jennifer Mullally - LC Cuntasaíocht
Greagoir O'Duill - LC Cumarsáid
Margaret O'Brien - LC Litearthacht / Uimhearthacht
Anne O'Reilly - LC Staidéar Sóisialta Feidhmeach
William Power - LC Staidéar Sóisialta Feidhmeach
Linda Sheahan - Léachtóir in Altranas Ginearálta
Ann-Marie Slevin - LC Dlí
Margaret Tynan - LC Bainistíocht / Bainistíocht Straitéiseach
Marcel Wagenaar - LC Accounting

Foireann Riaracháin & Leabharlainne

Patricia Burke - Cúntóir Leabharlainne
Sandra Coffey - Oifig Foirne Cúnta
Elizabeth Curran - Oifigeach Cléireachais
Neil Darbey - Leabharlannaí Cúnta
Paula Egan - Oifigeach Cléireachais
Mary Fearon - Riarthóir
Colette Finn - Oifigeach Cléireachais
Ruth Hennebry - Oifigeach Foirne Cúnta
Suzanne Irish - Oifigeach Cléireachais
Lorraine Johnson - Oifigeach Foirne Cúnta
Laura Keane - Oifigeach Coinneála Lynne Kelly - Oifigeach Cléireachais
Joan Mangan - Oifigeach Cléireachais
Brian Mcnamara - Oiifigeach Caidrimh Idirnáisiúnta
Lianne Murphy - Oifigeach Foirne Cúnta
Catherine O'Neill - Oifigeach Foirne
Vicky Phelan - Tacaíocht Scoláirí & Comhordaitheoir Córas
Angela Power - Riarthóir Iarchéimeanna
Paula Power - Assistant Staff Officer

Foireann Tacaíochta

Derek Healy - Coimeádaí Tí
Ann Marie Quigley - Comhairleoir Scoláirí

Technical

Teicniúil
Peter Bromley - Teicneoir Ríomhaireachta
Brian Harty - Teicneoir Ríomhaireachta
Stephen O'Donnell - Teicneoir Clos-Amhairc

Taighde

Vadim Bilan - Forbróir Sinsearach Bogearraí
Bernard Butler -
Innealtóir Sinsearach Bogearraí
Declan Clancy - Innealtóir Sinsearach Bogearraí
Eileen Dillon - Innealtóir Bogearraí
Zeta Dooly -
Bainisteoir Tástála Bogearraí
Naomi Fechan - Innealtóir Bogearraí UI
Jason Finnegan - Taighdeoir Feidhmeach
Christopher Foley - Innealtóir Bogearraí
June Frisby - Taighdeoir Iardhochtúireachta, Bainisteoir Tionscadal
James Good - Forbróir Greasáin
Tom Pheifer -
Comhalta Taighde Sinsearach Iardhochtúra
Richard Roger - Innealtóir Bogearraí
Paul Savage - Innealtóir Bogearraí
Sergey Sergeyev - Comhalta Taighde Sinsearach Iardhochtúra
Alan Walsh - Innealtóir Taighde
Thomas Walsh - Innealtóir Taighde
Marie-Laure Vaillant - Comhalta Taighde Iardhochtúra

Scoir

Joseph Alcock - Innealtóireacht
Brian Brown - Daonnacht
Patricia Connolly - Innealtóireacht
John Cummins - Ceimiceach & Beatha
Owen Davin - Bainisteoir Airgeadais
Francis Finnegan - Daonnacht
David Grant -
Ceimiceach & Beatha
Stephen Grant - Estates
Peter Griffin - Gnó
Phyllis Halligan -
Eastáit
Patrick Henderson - Innealtóireacht
Maura Hann - Gnó
Anne Jordan - Daonnacht
Theresa Moloney - Clárathoireacht
Peadar Mulligan - Gnó
Mary Mulligan - Gnó
Neil O'Flaherty - Daonnacht
Declan O'Gorman - Innealtóireacht
Anthony Ryan - Daonnacht
Anne Woodworth - Daonnacht

Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge
Port Láirge
Éire

Teil. +353 51 30 21000
Gréasán: www.wit.ie
ríomhphost: enquiries@wit.ie